An Roinn Leanaí
agus Gnóthaí Óige
Department of Children
and Youth Affairs

# An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige

## Tuarascáil Bhliantúil 2019

# Clár Ábhar

**RÉAMHRÁ ÓN AIRE** .......... **4**

**BROLLACH LEIS AN ARD-RÚNAÍ** .......... **5**

**Cé Muidne agus Cad é a Dhéanaimid** .......... **8**

**Cuid 1 - Forléargas** .......... **9**

Cuspóirí Straitéiseacha: 9

**Súil Siar ar 2019** .......... **11**

**Cuid 2: An Dul Chun Cinn in 2019** .......... **17**

**Clár A: Tacaíocht do Leanaí agus do Theaghlaigh** .......... **17**

Brollach 17
An Reachtaíocht um an gCúram Leanaí agus an Beartas um Chearta Leanaí 17
An Beartas Tacaíochta Thuismitheoireachta 18
An Polasaí um Leas agus um Chosaint Leanaí 18
Maoirseacht ar an Rialú agus ar an bhFeidhmiúchán Tusla 19
Feidhmíocht an Chúraim Leanaí agus an Obair Shóisialta 21
Forbairt Cláir Tusla agus Creat Tras-Rialtais Tusla 25
Seirbhís Dlí agus Cirt Óige na hÉireann 25

**Clár B: Cláir Earnála le haghaidh Leanaí agus an Aosa Óig** .......... **27**

Brollach 27
Forbairt Cláir Tusla agus Creat Tras-Rialtais Tusla 27
AD Seachtrach 27
An Beartas Uchtála 29
Athchóiriú, Straitéis agus Rannpháirtíocht na hÓige 29
Gnóthaí Óige 30
Beartas agus Cláir na Luathbhlianta: An Chéad 5 31
Maoirseacht agus Cumarsáid i Scéim na Luathbhlianta 33
An tArd-Chaighdeán sna Luathbhlianta 35
Tionscadail Luathbhlianta: An Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí (NCS) 38
Airgeadas, Rialú agus Athchóiriú na Luathbhlianta: Buiséad na Luathbhlianta, 2020 41

**Clár C: An Beartas & an Reachtaíocht** .......... **42**

Brollach 42
Beartas um Chúram Malartach 42
Forbairt Cláir Tusla agus Creat Tras-Rialtais Tusla 42
Foghlaim agus forbairt 45
Bainistíocht TFC, Soláthair agus Taifead 46
Acmhainní Daonna 48

An Rialachas Corparáideach 49
An tIniúchadh Inmheánach agus an Coiste Iniúchta 51
An Beartas Uchtála 52
Seirbhís Dlí agus Cirt Óige na hÉireann 53
Árais Mháithreacha agus Naíonán 53
Athchóiriú, Straitéis agus Rannpháirtíocht na hÓige 54
Taighde agus Measúnú 56
Bainistíocht Áiseanna 59
An Reachtaíocht 59

**Aguisín I: Dualgas na hEarnála Poiblí ........ 62**

**Aguisín II: Foilseacháin in 2019 ........ 64**

**Aguisín III: Forbhreathnú ar an Úsáid Fuinnimh in 2019 ........ 66**

**Aguisín IV: An Bord Bainistíochta ........ 67**

**Aguisín V: Comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne ........ 68**



# RÉAMHRÁ ÓN AIRE

Is cúis áthais dom an cúigiú Tuarascáil Bhliantúil atá foilsithe ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige a chur i láthair. Sa tuairisc seo, tá an dul chun cinn atá déanta i ngach réimse de na dualgais atá ag an Roinn in 2019, roimh don Rialtas nua a bheith curtha i mbun i mí an Mheithimh 2020, leagtha amach.

Ón tráth ar ceapadh mé mar an Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, rinneadh sainchúram na Roinne a leathnú amach chun roinnt réimsí beartais atá an-tábhachtach ar fad a chlúdach. Táim féin agus mo chomhghleacaí Anne Rabbitte, an tAire Stáit, ag tnúth le bheith ag obair leis an Ard-Rúnaí agus le foireann na Roinne chun an fhís nua atá againn a leagan amach maidir leis an obair a bheidh le déanamh sa Roinn, chomh maith leis an treo lena mbeidh sí á stiúradh, amach anseo. San fhís sin, léireofar tiomantas go gcuirfear príomhghealltanais atá i gClár an Rialtais agus i Ráiteas Straitéiseach nua na Roinne i gcrích, ráiteas a bheidh tugtha chun críche sna míonna beaga atá amach romhainn.

Leanfaimid ar aghaidh le clár gnó dúshlánach agus uaillmhianach a leagan síos, chun fíorfheabhsuithe atá de dhíth a bhaint amach agus, mar thoradh ar sin, go feabhsuithe i gcaighdeán bheatha leanaí agus na ndaoine óga a bhfuil ár gcúnamh agus tacaíocht de dhíth orthu.

Mar bhuille scoir, ba mhaith liom an deis seo a thapú chun aird a tharraingt ar an obair atá déanta sa Roinn seo le linn 2019 ag an Aire a bhí ann roimhe seo, an Dr. Katherine Zappone, chomh maith leis an fhoireann sa Roinn agus ag gach uile dhuine a oibríonn san earnáil. Tríd an tiomantas leanúnach agus an obair chrua, beidh an Roinn ag baint amach na tiomantais atá déanta againn, idir na gealltanais a bhí tugtha roimhe seo agus na cinn nua, agus cabhróidh sé sin dá réir le feabhas a chur ar chaighdeán bheatha na leanaí, na ndaoine óga agus na ngrúpaí imeallacha sa tsochaí.

Roderic O'Gorman TD

An tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige



# BROLLACH LEIS AN ARD-RÚNAÍ

Tá áthas orm ár dTuarascáil Bhliantúil do 2019, a chlúdaíonn an seachtú bliain iomlán den obair atá déanta sa Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige a chur i láthair. Tá sí foilsithe de réir alt 4 den Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997.

Bliain an-ghnóthach a bhí againn arís i mbliana, ina n-oibríomar go dian chun na tosaíochtaí atá leagtha amach inár *Ráiteas Straitéise 2016-2019* a chur i bhfeidhm. Bhíomar gnóthach i ngach réimse den sainchúram atá againn, idir an chosaint, an leas leanaí, tacaíochtaí cúraim leanaí, seirbhísí óige, agus an cosc agus an luath-idirghabháil, chomh maith leis na fadhbanna leagáide deacra a tharla san aimsir atá imithe siar sa tír seo. Ag seo, roinnt samplaí den obair atá déanta againn:

- sheolamar an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí. Anois, tar éis don scéim seo a bheith tugtha isteach, tá teidlíocht reachtúil ag teaghlaigh leis an tacaíocht airgeadais i dtreo chostas cúraim leanaí den chéad uair riamh;
- d'fhoilsíomar rialacháin lena gceanglaítear ar sheirbhísí cúraim leanaí do leanaí ar aois scoile a bheith cláraithe, ceanglas a tháinig i bhfeidhm an 18 Feabhra 2019;
- d'fhoilsíomar an Bille um Chúram Leanaí (Leasú) 2019 i mí Lúnasa, 2019. Baineann an Bille le ceapachán Caomhnóirí Ad litem (GALanna) do leanaí in imeachtaí cúirte a bhaineann le leas agus cosaint leanaí;
- d'fhoilsíomar aguisín le Tús Áite do Leanaí:Treorú Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí maidir leis an tsábháilteacht ar líne;
- rinneamar dlúthobair i gcomhar le Tusla, An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, ar raon bearta atá saincheaptha chun an leas leanaí agus seirbhísí cosanta a atreisiú;
- rinneadh téarmaí tagartha a shocrú chomh maith le hamlíne le haghaidh scrúdú ar roghanna dlí maidir leis an sampláil DNA i dtaca leis an iar-Áras Máithreacha agus Naíonán i dTuaim;
- foilsíodh an plean forfheidhmithe tosaigh le haghaidh 'An Chéad 5' - an chéad straitéis riamh in Éirinn don luath-óige;
- *seoladh Roinn Fís Chomhroinnte, Na Céad Chéimeanna Eile 2019 - 2024 de chuid na Coistí um Sheirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga;*

- seoladh What Works, tionscnamh a bhfuil sé mar aidhm aige tionchar an chosc agus na luath-idirghabhála a uasmhéadú chun saol leanaí agus daoine óga a fheabhsú;
- foilsíodh Tuarascáil Bhliain 1 ar Chur i bhFeidhm na Straitéise Náisiúnta LGBTI+ Óige, chomh maith leis an Athbhreithniú Lár-Théarma agus Plean Gníomhaíochta Chéim a Dó den Straitéis Náisiúnta ar Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga sa Chinnteoireacht 2015 - 2020;
- bronnadh dámhachtain Feabhais tríd an gComhoibriú orainn ag Dámhachtainí Feabhais agus Nuálaíochta na Státseirbhíse 2019, as an Scéim Maoirseachta Bannaí, a dearadh sa Roinn;
- cur i bhfeidhm leanúnach na Samhla Rochtana agus Cuimsithe (AIM), samhail de thacaíochtaí atá deartha chun a chinntiú gur féidir le leanaí atá faoi mhíchumas rochtain a fháil ar chlár Chúram agus Oideachas na Luath-Óige (ECCE);
- rinneamar anailís ar impleachtaí féideartha Brexit dár n-earnáil lena chinntiú go ndéanfaimid gach beart atá riachtanach;
- cuireadh athbhreithniú agus Comhairliúchán maidir leis an fhéidearthacht go nglacfar leis an uchtáil oscailte nó leath-oscailte in Éirinn faoi bhráid an Oireachtais; agus
- d'oibríomar chun déileáil le teacht chun cinn fianaise ar chlárú neamhdhleathach breitheanna.

Níl iontu siúd ach cuid de na bearta a rinneamar le linn 2019. Tá cur síos i bhfad níos iomláine déanta sa Tuarascáil Bhliantúil ar na saincheisteanna iomadúla a phléamar leo i rith na bliana. Is údar bróid dom mo bhuíochas mór d’fhoireann na Roinne a léiriú as an obair a dhéanann siad, an oiread sin bealaí, chun ár misean a chur i gcrích agus, dá réir, chun feabhas a bhaint amach i saol leanaí agus teaghlaigh. Go raibh míle maith agaibh gach aon duine díbh. Déanaimid na comhghleacaithe againn sin a fuair bás i rith na bliana a chuimhneamh chomh maith.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le comhghleacaithe againn i Ranna Rialtais eile, i ngníomhaireachtaí eile agus in earnáil na leanaí i gcoitinne chomh maith, as ucht a gcuid comhoibrithe agus tacaíochta leanúnaí. Tá an comhoibiú tras-Rialtais agus idirghníomhaireachta ar ghné lárnach den obair a dhéanaimid agus cuidíonn sé linn beartais a fhorbairt agus a chur i gcrích atá deartha chun tacú le leanaí, le daoine óga agus le teaghlaigh.

Agus an Rialtas nua curtha i mbun i mí an Mheithimh 2020, beimid ag glacadh le roinnt feidhmeanna suntasacha agus tábhachtacha i réimsí an mhíchumais, an chomhionannais agus an chomhtháthaithe sár i bhfad. Cuirimid fáilte roimh chomhghleacaithe nua atá ag teacht linn ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus ón Roinn Sláinte.

Guímid gach rath ar an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige atá tar éis dul as oifig, an Dr Katherine Zappone, agus cuirimid fáilte chroíúil roimh an Aire nua, an Dr Roderic O'Gorman TD, agus roimh an Aire Stáit, Anne Rabbitte, TD. Táimid ag tnúth le bheith

ag obair i gcomhar leo agus muid ag cur raon gealltanas i bhfeidhm sa Chlár do Rialtas Comhpháirtíochta agus ag iarraidh torthaí níos fearr a bhaint amach do leanaí, do dhaoine óga agus do ghrúpaí atá ar imeall na sochaí.

Feargal Ó Loingsigh

Ard-Rúnaí

# Cé Muidne agus Cad é a Dhéanaimid

## An Sainordú

Is í príomhfheidhm na Roinne seo ná creatlach comhtháite a chur i bhfeidhm chun polasaithe, an reachtaíocht agus an soláthar seirbhíse a chur ar fáil do leanaí agus don Aos Óg.

Cuireann sé sin béim ar ábhair polasaithe a chomhoiriúnú a mbíonn tionchar acu ar leanaí agus ar dhaoine óga i réimsí dálaí Chúram agus Oideachas Na Luath-Óige, Chearta Don Aois Óg, Leanaí Faoi Chúram, leasa agus chosaint leanaí, uchtuithe, tacaíochta teaghlaigh, rannpháirteachas leanaí agus daoine óga, taighde ar leanaí agus ar dhaoine óga, oibre don ógra agus tionscnaimh idir-earnála do leanaí.

Sa Chreat Beartais Náisiúnta do Leanaí agus do Dhaoine Óga 2014-2020 'Torthaí níos Fearr, Todhchaí níos Gile' leagtar amach an comhthéacs don obair a dhéanaimid chomh maith leis an gclár oibre chun ceannaireacht a chur ar fáil i leith torthaí níos fearr a bhaint amach do leanaí agus do dhaoine óga.

## Ár Misean - Cad é an Cuspóir Atá Againn

Ceannaireacht a chur ar fáil don iarracht chun torthaí níos fearr a chruthú do leanaí agus do dhaoine óga in Éirinn.

## An fhís atá againn – Cad é ar mian linn a bhaint amach

Is í an fhís atá againn ná go mbeidh Éire ar cheann de na tíortha beaga is fearr ar domhan chun a bheith óg inti agus chun teaghlach a thógáil inti. Is é sin le rá áit ina dtugtar aird agus meas ar chearta gach uile leanbh agus duine óg, ina dtugtar cosaint agus sásamh do na leanaí agus do na daoine óga sin; ina n-éistear lena gcuid tuairimí agus ina dtugtar tacaíocht dóibh barr a gcumais a bhaint amach, sa lá atá inniu ann agus san am atá le teacht chomh maith.

## Cuspóirí Straitéiseacha

| | | |
|---|---|---|
| Go gcuirfear Torthaí Níos Fearr Todhchaí Níos Gile i bhfeidhm | Go mbeidh rochtain ar chúram agus ar oideachas na luathbhlianta agus ar Chúram Leanaí in Aois Scoile atá ar ardchaighdeán agus go mbeidh sé inacmhainne | Go mbeidh na córais leasa leanaí agus na córais cosanta leanaí éifeachtach agus freagrach |
| Go gcuirfear polasaithe bunaithe ar fhianaise chun cinn, go dtugtar tacaíocht dá leithéid de pholasaithe agus go nglacfaidh leanaí agus daoine óga páirt i gcinntí a dhéanamh a mbeidh toradh acu ar a saol. | Go dtabharfar tacaíocht d'ardchaighdeáin i gcomhlíonadh rialuithe agus freagrachta agus go bhforfheidhmeofar iad. | Go bhfeabhsófar an feidhmiú trí ailíniú éifeachtach d'acmhainní a chur i bhfeidhm |

## Ár luachanna, Ár Nósanna & Ár gCultúr

| | | |
|---|---|---|
| Cuirimid leanaí, daoine óga agus teaghlaigh i gcroílár an obair a dhéanaimid, agus ag croílár na forbartha polasaithe agus an tsoláthair seirbhíse tá an dualgas atá orainn torthaí feabhsaithe a bhaint amach. | Is mór dúinn na baill foirne atá againn agus déanaimid iarracht timpeallacht a chruthú ina bhféidir leo foghlaim, forbairt agus cur le spriocanna na heagraíochta | Cuirimid áit lárnach do thorthaí do leanaí agus daoine óga bunaithe ar fhianaise inár bpolasaí agus i soláthar seirbhíse. |
| Tacaímid an cur chuige bunaithe ar an luathchosc agus ar an luath-idirghabháil. | Is é ár ndual a bheith nuálach agus comhoibriú le ranna, gníomhaireachtaí agus le hearnálacha eile. | Táimid freagrach, toilteanach athrú, dírithe ar an gcustaiméir agus bímid measúil inár n-idirchaidrimh leis an bpobal agus lenár gcomhghleacaithe oibre. |

Tugaimid suntas don dualgas atá ann
chun cinntiú go ndéanaimid ár gcuid oibre le cur chuige lena n-aithnítear
cearta an duine agus an comhionannas.

# Cuid 1 - Forléargas

## Cuspóirí Straitéiseacha:

Tá ár Ráiteas Straitéise 2016-2019 mar bhonn agus taca faoin obair a dhéantar sa Roinn. Tá na sé Cuspóir Straitéiseacha seo a leanas le fáil ann:

- **Go gcuirfear *Torthaí Níos Fearr Todhchaí Níos Gile* i bhfeidhm**
    - *In 2019, d'fhoilsigh an Roinn an plean forfheidhmithe tosaigh le haghaidh 'An Chéad 5'. Leis An Chéad 5, Straitéis Uile-Rialtais do Leanaí, Páistí Óga agus a dTeaghlaigh, tá gealltúint atá lárnach i Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile bainte amach, agus ba mhór an chloch mhíle é i bhforbairt beartais do na baill is óige sa tsochaí.*

- **Go mbeidh rochtain mhaith ar chúram agus ar oideachas na luathbhlianta agus go mbeidh sé inacmhainne**
    - *Seoladh an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí in 2019. Anois, tar éis don scéim seo a bheith tugtha isteach, tá teidlíocht reachtúil ag teaghlaigh leis an tacaíocht airgeadais i dtreo costas cúraim leanaí den chéad uair riamh. Is éard is cuspóir leis aan Scéim ná bealach a sholáthar don luathfhoghlaim agus cúram, agus cúram leanaí in aois scoile, ardchaighdeáin, atá inrochtana agus inacmhainne.*

- **Go mbeidh na córais leasa leanaí agus na córais cosanta leanaí éifeachtach agus freagrach**
    - *Le linn 2019, d'fhoilsigh an Roinn aguisín a ghabhann le Tús Áite do Leanaí: Treorú Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí maidir leis an tsábháilteacht ar líne. Cuireadh in iúl go breá soiléir ann nach mór gach eagraíocht agus seirbhís a oibríonn le daoine óga rioscaí agus cosaintí ar líne a áireamh sna Ráitis um Chosaint Leanaí arna gceangail orthu go dlíthiúil.*
    - *D'fhoilsigh an Roinn an Bille um Chúram Leanaí (Leasú) 2019 freisin. Rachaidh an Bille seo i ngleic le heasnaimh shuntasacha sna forálacha maidir le Guardian ad litem (GAL) atá in Alt 26 den Acht um Chúram Leanaí, 1991, faoi láthair.*

- **Go gcuirfear polasaithe bunaithe ar fhianaise chun cinn, go dtugtar tacaíocht dá leithéid de pholasaithe agus go nglacfaidh leanaí agus daoine óga páirt i gcinntí a dhéanamh a mbeidh toradh acu ar a saol**
    - *Le linn 2019, d'fhoilsigh an Roinn an tAthbhreithniú Meán-Téarma agus Plean Gníomhaíochta Chéim 2 den Straitéis Náisiúnta um Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga sa Phróiseas Cinnteoireachta, 2015-2020.*
    - *Sheol an Roinn Fís Chomhroinnte, Na Céad Chéimeanna Eile 2019 - 2024 de chuid na Coistí um Sheirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga*

  - *Lean an Roinn ar aghaidh le Ag Fás Aníos in Éirinn: an Staidéar Fadaimseartha Náisiúnta ar Leanaí a bhainistiú agus a chur chun cinn*

- **Go dtabharfar tacaíocht d'ardchaighdeáin i gcomhlíonadh rialuithe agus freagrachta agus go bhforfheidhmeofar iad.**
  - *Rinne an Roinn athbhreithniú ar a Creat Rialachais féin i mí Iúil 2019.*

- **Go bhfeabhsófar an feidhmiú trí ailíniú éifeachtach d'acmhainní a chur i bhfeidhm**
  - *D'earcaigh an Roinn 47 ball foirne nua in 2019, is ionann sin agus thart ar 16% de na fostaithe sa Roinn. Fuair 15 fostaí nó 5% de na fostaithe ardú céime trí chomórtais inmheánacha nó sheachtracha. Reáchtáil an Roinn comórtais inmheánacha le haghaidh leibhéal an Phríomhoifigigh agus an Ardoifigigh Fheidhmiúcháin araon.*

# Súil Siar ar 2019

I measc bhuaicphointí 2019 tá:

I **mí Eanáir**, shínigh agus d'fhoilsigh an tAire Zappone aguisín le Tús Áite do Leanaí: Treorú Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí maidir leis an tsábháilteacht ar líne. Cuireadh in iúl go breá soiléir ann nach mór gach eagraíocht agus seirbhís a oibríonn le daoine óga rioscaí agus cosaintí ar líne a áireamh sna Ráitis um Chosaint Leanaí arna gceangail orthu go dlíthiúil.

D'fhoilsigh an tAire an Ceathrú Tuarascáil Eatramhach ón gCoimisiún um Imscrúdú ar na hÁrais Mháithreacha agus Naíonán. D'fhoilsigh an tAire an Dara Tuarascáil ar chur i bhfeidhm an Phlean Gníomhaíochta um an Moladh Athbhreithnithe do Champas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh.

I **mí Feabhra**, d'fhógair an tAire go raibh na Téarmaí Tagartha agus an amlíne socraithe chun scrúdú a dhéanamh ar na roghanna dlí atá ann maidir leis an tsampláil DNA i dtaca leis an iar-Áras Máithreacha agus Naíonán i dTuaim.

Chuir an tAire fáilte chomh maith roimh fhoilseachán na rialachán lena gceanglaítear ar sheirbhísí cúraim leanaí do leanaí ar aois scoile a bheith cláraithe, ceanglas a tháinig i bhfeidhm an 18 Feabhra 2019; D'fhógair an tAire Zappone maoiniú de €11.1m d'eagraíochtaí náisiúnta óige in 2019.

I **mí an Mhárta**, d'fhógair an tAire seoladh na Scéime Náisiúnta um Chúram Leanaí, an treochlár chun an Luathfhoghlaim agus Cúram ar ardchaighdeán, inrochtana agus inacmhainne agus Cúram Leanaí Aois Scoile in Éirinn a sholáthar. Dheimhnigh an tAire Zappone go raibh suas le 1,500 áit oiliúna saor in aisce ar fáil do chleachtóirí réamhscoile freisin chun a chinntiú go bhfuil a gcuid seirbhísí réamhscoile saor in aisce ionchuimsitheach agus inrochtana do leanaí faoi mhíchumas.

Dheimhnigh an Roinn freisin go mbeadh méadú ar an maoiniú, suas ó €250,000 go dtí €450,000, le haghaidh áiseanna súgartha agus áineasa do leanaí ar fud na hÉireann in 2019 chun na háiseanna súgartha atá ann cheana féin a athchóiriú.

I **mí Aibreáin**, d'fhógair an tAire sonraí na hÍocaíochta Tacaíochta Cláir €19m a bhfuiltear chun í a chur ar fáil do gach soláthróir luathfhoghlama agus cúraim le linn an tsamhraidh, in 2019. Foilsíodh an Cúigiú Tuarascáil Eatramhach den Choimisiún Imscrúduithe ar Árais Mháithreacha agus Naíonán an 17 Aibreán 2019.

Deimhníodh méadú €1.5 milliún in aghaidh na bliana ar an maoiniú d'Ionaid Acmhainní Teaghlaigh don bhliain 2019. Deimhníodh freisin go bhfaigheadh seirbhísí túslíne a dhíríonn ar an fhoréigean baile, gnéasach agus inscne maoiniú de €25.3m chun tacú lena gcuid seirbhísí in 2019.

I **mí na Bealtaine**, sheol an tAire próiseas comhairliúcháin poiblí agus geallsealbhóireachta maidir leis an fhéidearthacht go ndéanfaí an t-uchtáil oscailte nó leath-oscailte a thabhairt isteach in Éirinn.

Nocht an tAire plean feidhmiúcháin tosaigh an rialtais don Chéad 5, an chéad straitéis riamh in Éirinn don luath-óige. Seoladh próiseas comhairliúcháin poiblí agus geallsealbhóireachta ar rialacháin le tabhairt isteach amach anseo agus ar chreat feabhsúcháin cáilíochta don chúram leanaí do leanaí ar aois scoile.

I **mí an Mheithimh**, d'fhógair an tAire €6.25m san iomlán de mhaoiniú Caipitil le bronnadh ar sholáthraithe Luathfhoghlama agus Cúraim agus Cúraim Leanaí ar Aois Scoile. Déanfar foráil leis an maoiniú sin d'áiteanna nua a chruthú do leanaí 0-3 bliana d'aois, áiteanna nua cúraim leanaí a chruthú do leanaí ar aois scoile agus feabhsuithe riachtanacha um an tsábháilteacht ó dhóiteán a dhéanamh do sheirbhísí faoi úinéireacht an phobail.

Sheol an tAire What Works freisin, tionscnamh a bhfuil sé mar aidhm aige tionchar an choisc agus na luath-idirghabhála a uasmhéadú chun saol leanaí agus daoine óga a fheabhsú;

I **mí Iúil**, d'fhógair an tAire go bhfuiltear chun leanúint ar aghaidh leis an Deontas um Fhorbairt Acmhainne, deontas atá rathúil agus a chuir maoiniú ar fáil d'eagraíochtaí atá ag obair le daoine óga LGBTI+ i seirbhísí ar fud na tíre in 2018, agus go bhfuiltear chun an deontas sin a leathnú amach freisin.

Dheimhnigh an tAire gur ceapadh Bord Bainistíochta nua do Scoil Choinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh, freisin.

D’fhógair an tAire maoiniú deontas caipitil €1.7 milliún do 116 tionscadal/seirbhís óige spriocdhírithe faoi stiúir foirne agus do 20 eagraíocht náisiúnta óige atá lonnaithe i ngach cearn den tír chun tionscadail bheaga caipitil a mhaoiniú.

I **mí Lúnasa**, d’fhoilsigh an tAire an Bille um Chúram Leanaí (Leasú) 2019. Rachaidh an Bille seo i ngleic le heasnaimh shuntasacha sna forálacha maidir le Guardian ad litem (GAL) atá in Alt 26 den Acht um Chúram Leanaí, 1991, faoi láthair.

Sheol an tAire an Dréachtphlean Gníomhaíochta um Chúram Leanaí freisin, chun críche an chomhairliúcháin phoiblí. Sa Dréachtphlean Gníomhaíochta tá breac-chuntas le fáil ar mholtaí chun an rochtain ar luathfhoghlaim agus cúram ar ardchaighdeán agus ar phraghas réasúnta agus cúram leanaí aois scoile a fheabhsú tríd an bhfeighlíocht leanaí.

I mí **Mheán Fómhair**, d’fhoilsigh an tAire Tuarascáil an Dr Geoffrey Shannon ar Bhailiúchán DNA na n-íospartach i dTuaim.

D’fhógair an tAire go gcuirfí tús oifigiúil le tionscadal chun Samhail Mhaoinithe nua a fhorbairt don Luathfhoghlaim agus Cúram agus Cúram Leanaí Aois Scoile agus Sainghrúpa a bhunú chun an obair seo a threorú.

D’fhógair an tAire dámhachtainí os cionn €300,000 den mhaoiniú d’eagraíochtaí a fuair maoiniú faoi Chiste Nuálaíochta 2018, chun tacú le tionscadail atá ann cheana trína chur ar a gcumas a gcuid tionscadal nuálach a thacaíonn le leanaí, daoine óga agus a dteaghlaigh a thabhairt chun críche.

Fógraíodh tacaíochtaí de €167,000 maoinithe le haghaidh seirbhísí óige atá ag obair le daoine óga LGBTI+ sa mhí seo freisin.

I mí **Dheireadh Fómhair**, fógraíodh maoiniú breise i mBuiséad 2020 de níos mó ná €94m do sheirbhísí cúram leanaí agus óige Tusla, agus ardaíodh an infheistíocht

réamh-mheasta iomlán don Roinn sna réimsí sin dá réir suas go dtí €1.6 billiún don bhliain 2020.

Rinne an tAire an Feachtas Meán Sóisialta #TeachMeAsMe a sheoladh, i gcomhar le Feidhmeannas Náisiúnta Chomhairle na nÓg, chun an indibhidiúlacht a chur chun cinn i scoileanna.

Sheol an tAire Tuarascáil Bhliain 1 ar Chur i bhFeidhm na Straitéise Náisiúnta Óige LGBTI+ freisin, chomh maith le hAthbhreithniú Lár-Théarma agus Plean Gníomhaíochta Chéim a Dó den Straitéis Náisiúnta ar an Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga sa Chinnteoireacht 2015 - 2020.

I **mí na Samhna**, sheol an tAire Fís Chomhroinnte, Na Céad Chéimeanna Eile 2019 - 2024 de chuid na gCoistí um Sheirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga.

Chuir an tAire athbhreithniú agus Comhairliúchán maidir leis an fhéidearthacht go nglacfar leis an uchtáil oscailte nó leath-oscailte in Éirinn faoi bhráid an Oireachtais chomh maith.

Bronnadh an dámhachtain Feabhais trí Chomhoibriú ar an Scéim Maoirseachta Bannaí, gurb é an Roinn a dhear é agus atá á hoibriú ag Extern, ag Dámhachtainí Feabhais agus Nuálaíochta na Státseirbhíse 2019.

D’fhógair an tAire maoiniú de €1,514,000 faoin tionscnamh What Works chun tacú leis na freagraí Sheirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla (TESS) a bheidh ailínithe leis na gníomhartha beartaithe atá sa dréachtpholasaí beartais chun seirbhísí oideachais a fhorbairt.

I mí **na Nollag**, rinne an tAire ceiliúradh ar sheoladh an sásra chun iarratais ar líne a dhéanamh don Scéim Náisiúnta um Chúram Leanaí (NCS) in éineacht leis an Taoiseach. D’fhógair sí sonraí na gclár Caipitil Luathfhoghlama agus Cúraim agus Cúraim do Leanaí ar Aois Scoile 2020 le maoiniú de €8.1 milliún le haghaidh deontais chaipitil cúraim leanaí don bhliain 2020.

D'fhógair an tAire roinnt sparánachtaí ealaíon atá le bheith curtha ar fáil trí cheithre eagraíocht ealaíon agus chultúrtha atá ag obair le seirbhísí Luathfhoghlama agus Cúraim agus Cúraim do Leanaí ar Aois Scoile.

Sheol an tAire an acmhainn ar líne *Our Voices Our Schools* freisin chun feabhas a chur ar rannpháirtíocht daoine óga sa chinnteoireacht sa chóras scoile.

Sheol an Roinn scéim nua maoinithe spriocdhírithe don aos óg dar teideal *UBU - Your Place Your Space* a sholáthraíonn breis is €38.5 milliún do sheirbhísí óige.

D'fhoilsigh an Roinn Scéim Ghinearálta an Bhille um Adhlacthaí Institiúideacha Áirithe (Idirghabhálacha Údaraithe) 2019 freisin.


Mar achoimre, bliain fhíorghnóthach agus fhíortáirgiúil a bhí ann don Roinn in 2019. Cuireadh go leor tionscnamh beartais agus reachtaíochta chun cinn agus saol leanaí agus daoine óga a fheabhsú mar chuspóir aici. Chomh maith leis sin bhí an lánraon de na dualgais a bhíonn ag Roinn Rialtais chun tacaíocht a thabhairt don Aire agus don Rialtas, agus i gcomhlíonadh cuspóirí freagrachta eile don Oireachtas.

I gCuid 2 den Tuarascáil Bhliantúil, tá achoimre le fáil ar an dul chun cinn atá déanta le linn 2019 maidir leis na cuspóirí go léir atá leagtha amach i Ráiteas Straitéise na Roinne. Tá na cuspóirí sin le brath i bPleananna Gnó bliantúla Aonaid ábhartha na Roinne.

## Airgeadas

Is é €1.525 billiún t-ollmhaoiniú a foráladh don Roinn faoi Vóta 40 in 2019, is é sin a rá méadú de €122 milliún, nó 9%, thar an maoiniú de 2018. Is ionann an caiteachas iarbhír a thabhaigh an Roinn agus a cuid gníomhaireachtaí agus €1.518 billiún. Caitheadh an t-airgead in 2019 ar sholáthar líon suntasach de sheirbhísí thar thrí réimsí clár mar seo a leanas:

| | | Toradh |
|---|---|---|
| | | **€000** |
| **Caiteachas Clár** | | |
| | | |
| A | An Clár Tacaíochta do Leanaí agus Teaghlaigh | 835,876 |
| B | Cláir Earnála le haghaidh Leanaí agus an Aosa Óig | 654,520 |
| C | Clár an Bheartais agus na Reachtaíochta | 27,379 |
| | | |
| | **Ollchaiteachas** | **1,517,775** |
| | | |
| | **Lúide** | |
| D | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **(27,064)** |
| | | |
| | **Glanchaiteachas** | **1,490,711** |




**Tá mionsonraí de thionscaimh a rinneadh in 2019 faoi gach uile cheann de na trí Chlár leagtha amach sna rannáin thíos.**

# Cuid 2: An Dul Chun Cinn in 2019

## Clár A: Tacaíocht do Leanaí agus do Theaghlaigh

## Brollach

### An Reachtaíocht um an gCúram Leanaí agus an Beartas um Chearta Leanaí

***Athchóiriú ar Chóras na gCaomhnóirí Ad Litem***

Foilsíodh an Bille um Chúram Leanaí (Leasú) 2019 i mí Lúnasa, 2019 agus tugadh an Tríú Céim (Céim an choiste) de chun críche sa Dáil déanach i mí Dheireadh Fómhair.

Téann an Bille i ngleic le heasnaimh shuntasacha atá sna socruithe reatha (Alt 26 den Acht um Chúram Leanaí, 1991). Leagtar amach ann an próiseas trína sanntar GAL aonair do chás cúraim leanaí agus sonraítear ról GAL ann freisin. Anuas air sin, tá foráil déanta ann don bhunús reachtach le bunú seirbhís GAL náisiúnta laistigh d'oifig feidhmiúcháin de chuid na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige.

Lean Foireann Tionscadail Oifig Feidhmiúcháin GAL ar aghaidh leis an mbunobair a leagan síos ionas go mbeifear ullamh le haistriú réidh ón gcóras reatha a luaithe is gur féidir tar éis an reachtaíocht a bheith achtaithe.

***An tAthbhreithniú ar an Acht um Chúram Leanaí, 1991***

Táthar i mbun an tAthbhreithniú ar an Acht um Chúram Leanaí 1991 a dhéanamh mar chuid den ghealltanas atá tugtha ag an Rialtas in Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile. Is é aidhm an athbhreithnithe ná a fháil amach cad atá ag obair go maith sa reachtaíocht atá ann faoi láthair, agus chun aghaidh a thabhairt ar aon bhearnaí, feabhsuithe oibríochta agus réimsí nua forbartha atá sainaitheanta.

In 2019, lean an Roinn ar aghaidh ag dul i mbun comhairle le páirtithe leasmhara chun a gcuid tuairimí a bhailiú maidir leis an mbealach is fearr chun an tAcht a athchóiriú, ag cur leis na torthaí ón gcomhairliúchán a bhí déanta cheana féin. Bhí comhairliúchán spriocdhírithe a ndearnadh é le geallsealbhóirí ar Chuid V den Acht a dhéileálann go sonrach le dlínse agus nós imeachta, agus Díospóireacht Oscailte ar an mBeartas maidir leis an gcúram altrama, chomh maith le sraith imeachtaí réigiúnacha ina dhiaidh sin, san áireamh leis.

Ina theannta sin, choimisiúnaigh an Roinn athbhreithniú téamach ar an gcur chuige idirnáisiúnta i leith imeachtaí cúraim leanaí chun forbairt tograí a threorú maidir leis an

athchóiriú ar imeachtaí cúram leanaí in Éirinn. Foilsíodh an Tuarascáil i mí an Mheithimh. Bhí an Roinn i dteagmháil leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais maidir leis an mbunú Rannán Cúirte Teaghlaigh atá beartaithe, freisin.

Tá taighde agus comhairliúcháin mar bhonn eolais faoi roinnt tograí arna bhforbairt iad in 2019. Tá sé beartaithe go ndéanfar comhairliúchán in 2020 chun tuairimí na ngeallsealbhóirí a lorg maidir leis na tograí éagsúla.

## An Beartas Tacaíochta Thuismitheoireachta

Bhunaigh an Roinn Aonad Beartais Tacaíochta um Thuismitheoireacht ag deireadh 2018 chun treo beartais agus bearta a bhaineann leis an tacaíocht tuismitheoireachta a chomhordú. In 2019, chuir an t-aonad tús leis an gcomhoibriú agus leis an idirtheagmháil ghníomhach le raon leathan ranna, gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí, chun cur leis an fheasacht atá ann ar ról an aonaid agus chun tuiscint a fháil ar an tslí a bhfuil seirbhísí tacaíochta tuismitheoireachta á bhforbairt, á maoiniú agus á soláthar.

I measc na hoibre a bhí ar siúl chun na gealltanais tacaíochta tuismitheoireachta faoi An Chéad 5 a chur chun cinn, bhíothas ag obair ar chomhaontú a dhéanamh ar an gcur chuige chun samhail náisiúnta de sheirbhísí tacaíochta tuismitheoireachta a fhorbairt, agus plean feidhmithe a fhorbairt le haghaidh na bearta uile, chomh maith leis na pleananna feidhmithe sin a chur i mbun feidhme.

## An Polasaí um Leas agus um Chosaint Leanaí

**<u>Grúpa Forfheidhmithe Idir-Rannach Tús Áite do Leanaí (GFIRTÁL)</u>**

Sa GFIRTÁL seo tá ionadaithe ó gach uile Roinn Rialtais, ón FSS, ó Tusla agus ón nGarda Síochána. Tháinig sé le chéile trí huaire le linn 2019 agus lean sé ag díriú ar an mhonatóireacht ar chur i bhfeidhm an Achta um Thús Áite do Leanaí.

Rinne an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige aguisín a eisiúint agus a fhoilsiú don treoir um Thús Áite do Leanaí, a ndearna an grúpa athbhreithniú air in 2018, faoi alt 6 den Acht um Thús Áite do Leanaí, i mí Eanáir 2019. San aguisín, a tháinig i ndiaidh gealltanas ar tugadh sa Phlean Gníomhaíochta um an tSábháilteacht ar Líne, 2018-19, déantar soiléiriú a thabhairt gur chóir d'eagraíochtaí a sholáthraíonn seirbhísí ábhartha do leanaí machnamh a dhéanamh ar shaincheist shonrach na sábháilteachta ar líne agus a measúnú riosca á dhéanamh acu chomh maith lena Ráiteas um Chosaint Leanaí a ullmhú.

Chinn an GFIRTÁL go raibh gá le feachtas faisnéise chun an fheasacht a mhúscailt maidir le Tús Áite do Leanaí agus an riachtanas ar eagraíochtaí a sholáthraíonn seirbhísí ábhartha do leanaí Ráitis um Chosaint Leanaí a ullmhú. Bunaíodh foghrúpa de chuid GFIRTÁL chun an t-ábhar seo a chur chun cinn, agus é mar aidhm aige Seachtain Fheasachta um Thús Áite do Leanaí a lainseáil in 2020.

**<u>Rapóirtéir Speisialta maidir leis an gCosaint Leanaí</u>**

Cuireadh 12ú Tuarascáil an Rapóirtéara Speisialta maidir leis an gCosaint Leanaí, mar a bhí sé ag an am, an Dr Geoffrey Shannon, faoi bhráid an Rialtais i mí na Nollag 2019 agus

foilsíodh ina dhiaidh sin é. Cuireadh faoi bhráid gach roinn ábhartha Rialtais í go dtabharfaí faoin ngníomh cuí maidir leis na moltaí atá déanta inti. D'fhóin an Dr Shannon mar an Rapóirtéir Speisialta maidir leis an gCosaint Leanaí ó Iúil 2006 go dtí Iúil 2019. Tháinig an Dr Conor O'Mahony i gcomharbacht ar an Dr Shannon sa ról sin i mí Iúil 2019. Cheap an Rialtas é ar feadh théarma trí bliana i ndiaidh comórtais oscailte a reáchtáil an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (PAS).

**ISPCC (Beolíne um Leanaí ar Iarraidh)**

Rinneadh Comhaontú Seirbhíse (SLA) maidir le maoiniú *na Beolíne 116,000 Leanaí ar Iarraidh* (curtha i bhfeidhm ag ISPCC) a chomhaontú agus a shíniú i mí na Bealtaine 2019 agus tá sé ag feidhmiú anois. Feidhmíonn an Bheolíne 24/7 agus cuirtear tacaíocht agus comhairle mhothúchánach ar fáil leis do dhaoine óga agus do dhaoine fásta araon i dtaca le leanaí atá ar iarraidh.

**An Clár Oibre um Chosaint Leanaí den Earnáil Sláinte na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas**

Lean an Roinn le páirt a ghlacadh sa Ghrúpa d'Oifigigh Cosanta Leanaí Tras-Teorann.

Bunaíodh an grúpa seo, atá faoi choimirce an réimse feidhme Sláinte den Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas chun meitheal a chur i mbun maidir le raon ceisteanna a bhaineann le cosaint leanaí.

## Maoirseacht ar an Rialú agus ar an bhFeidhmiúchán Tusla

**Cuspóir Straitéiseach 1: Go gcuirfear *Torthaí Níos Fearr Todhchaí Níos Gile* i bhfeidhm**

**Chuaigh i mbun teagmháil ghníomhach le Seirbhísí um Chosc ar Fhoréigean Teaghlaigh , Gnéis agus Inscne**

In 2019, rinne Tusla € 25.3 milliún a leithdháileadh do sheirbhísí Foréigin Baile, Gnéis agus Inscne-bhunaithe (DSGBV) agus an t-airgead sin leithdháilte ar thart ar 60 eagraíocht speisialaithe a thacaíonn le híospartaigh, idir aosaigh agus leanaí, an fhoréigin bhaile, ghnéasaigh agus inscne. Tháinig méadú €1.5 milliún ar an méid maoinithe iomlán i gcomparáid le 2018. Le cuid den mhaoiniú breise a fuair DGSBV in 2019, bhíothas in ann oibrithe for-rochtana a earcú chun tacú le daoine a dtéann an foréigean teaghlaigh i bhfeidhm orthu chun teacht a fháil ar thacaíocht agus seirbhísí. Bhíothas in ann rochtain a chur ar fáil leis ar chlár leighis 12 seachtaine d'íospartaigh an fhoréigin teaghlaigh gur leanaí iad i níos mó ceantar ar fud na tíre freisin.

D'oibrigh an RLGÓ agus Tusla i rith 2019 chun oibleagáidí faoin *gCoinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a*

*chomhrac (Coinbhinsiún Iostanbúl) agus faoin Dara Straitéis Náisiúnta maidir le Seirbhísí um Fhoréigean Inscne (2016 - 2021).*

Áiríodh leis seo obair a thosaigh Tusla ar Athbhreithniú Straitéiseach ar an gCóiríocht. Rinneadh scrúdú san athbhreithniú seo faoina bhfuil an chóiríocht éigeandála géarchéime ar fáil ar fud na tíre. Beidh sé de chuidiú le Tusla, leis an Roinn, agus le ranna rialtais agus comhlachtaí stáit eile an líon spásanna agus acmhainní a theastaíonn chun a chinntiú go mbeidh áit tearmainn ag daoine a fhágann tithe foréigneacha.

**Obair i gcomhar le Tusla ar an gClár um Ionaid Acmhainní Teaghlaigh (FRC):**

In 2019, chuir an Roinn € 8m ar fáil do Tusla chun tacú le hIonaid Acmhainní Teaghlaigh. Áiríodh leis seo €1.5m breise a úsáideadh chun:

- An croí-mhaoiniú a mhéadú i ngach aon cheann de na 110 FRC a bhí ann roimh 2018 faoi 5%.
- Oibrithe Tacaíochta Teaghlaigh breise a fhostú i ngach ceann de na 17 limistéar geografach Tusla.
- Clár um Chosc ar Fhéinmharú agus Cur Chun Cinn Meabhairshláinte an Ionaid Acmhainní Teaghlaigh a mhaoiniú.

Thacaigh an maoiniú seo go díreach le seirbhísí sa phobal a bhfuil sé de chuspóir acu teaghlaigh a choinneáil láidir. Go háirithe, tá sé ag cabhrú le leanaí agus a dteaghlaigh deacrachtaí i sárú i dtréimhsí deacra dá saol. In 2019, bhí 121 Ionad Acmhainní Teaghlaigh ann a bhí ag fáil tacaíochta ó Tusla mar chuid den Chlár Ionad Acmhainní Teaghlaigh. Tá méadú tar éis teacht ar an maoiniú don Chlár Ionad Acmhainní Teaghlaigh, suas ó €13.5m in 2014, go dtí €18m in 2019.

**<u>Cuspóir Straitéiseach 5</u>: Go dtabharfar tacaíocht d'ardchaighdeáin rialachais agus freagrachta agus go bhforfheidhmeofar iad.**

**Cuireadh socruithe i bhfeidhm chun maoirseacht a dhéanamh ar Tusla agus forálacha eile rialachais faoi mar a leagtar síos iad san Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013 agus faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).**

Leanann leis an Roinn a dheimhniú go bhfuil Tusla ag cloí le forálacha reachtúla agus le forálacha eile rialachais faoi mar a leagtar síos iad san Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013 agus faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016). In 2019, bhí dlúth-theagmháil ag an Roinn le Feidhmeannas Tusla agus le Bord Tusla maidir le comhlíonadh ionstraimí reachtúla agus neamhreachtúla.

In 2019, fuair an Roinn cead ón Rialtas chun an líon comhaltaí ar Bhord Tusla a mhéadú, agus 2 ghnáthchomhalta Boird bhreise ceadaithe air. Déanfar leasú ar an Acht um Ghníomhaireacht Leanaí agus Teaghlaigh, 2013, nuair a rithfear an Bille um Chúram Leanaí (Caomhnóir Ad Litem)(Leasú) nó An Bille Uchtála (Faisnéis agus Lorgaireacht) san Oireachtas. Ligfear, dá bharr, do na hathruithe reachtacha atá riachtanach chun an líon comhaltaí ar Bhord Tusla a mhéadú faoi dhá ghnáthchomhalta.

I mí an Mheithimh 2019, rinneadh Comhaontú Maoirseachta athbhreithnithe a chomhaontú, agus leagtha amach ann na gealltanais maoirseachta agus rialachais oifigiúla atá ann idir an RLGÓ agus Tusla. I rith na bliana, sholáthair Tusla tuarascálacha míosúla agus ráithiúla feidhmíochta don Roinn ina ndearnadh scrúdú ar an dul chun cinn atá déanta maidir le bearta sa Phlean Gnó atá insoláthartha. Rinneadh na tuarascálacha a phlé agus a athbhreithniú go dlúth. Tháinig an Roinn le chéile le foireann shinsearach Tusla uair sa mhí. Bhuail an tAire leis an gCathaoirleach agus le Cathaoirligh choistí Bhord Tusla chun an fheidhmíocht a athbhreithniú. Reáchtáil an Roinn dhá chruinniú rialachais freisin i gcuideachta le Rúnaí Bhord Tusla agus le baill foirne ábhartha Tusla. Chomh maith leis sin, tagann an tArd-Rúnaí agus an Príomhoifigeach feidhmiúcháin le chéile uair sa mhí.

Rinneadh iniúchadh inmheánach ar na socruithe rialachais i ndáil le Tusla in 2019. Fuarthas san iniúchadh sin gur féidir leordhóthanacht agus oibriú rialuithe inmheánacha chun rioscaí bunúsacha a bhaineann le rialachas Tusla ag an Roinn a mhaolú agus/nó a bhainistiú é sin a dhearbhú go réasúnach foriomlán.

### Meastachán Forlíontach

In 2019, leithdháileadh maoiniú de €784.6m ar Tusla faoin fho-cheannteideal A3, arb ionann é agus méadú €31m (4.1%) ar an maoiniú ar leithdháileadh in 2018. Leis an tsuim seo, clúdaítear seo raon míreanna lena n-áirítear bearta cáilíochta, costais riaracháin agus seirbhísí éileamh-bhunaithe.

Go luath in 2019, d'aithin Tusla an fhéidearthacht go mbeadh róchaiteachas ann faoi dheireadh na bliana agus rinne sé iarracht ghníomhach bearta srianta costais a aithint chun an ceanglas maidir le Meastachán Forlíontach a mhaolú. Chuir an Roinn an cheist seo faoi bhráid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (an RCPA) i mí na Bealtaine, 2019.

I mblianta a bhí ann roimhe seo, d'éirigh le Tusla na brúnna costais a choinneáil íseal trí choigilteas a bhaineann le ham (TRS) thar réimsí eile dá caiteachas. In 2019, ní raibh sé sin indéanta a thuilleadh, áfach. Tharla róchaiteachas go príomha i réimsí an Chúraim Chónaithe Phríobháidigh agus Altrama mar aon le táillí dlí tríú páirtí, lena n-áirítear costais a bhaineann le Guardian ad Litem.

B'ionann toradh deireadh bliana Tusla 2019 agus €809.2m, lena gcuimsítear meastachán forlíontach de €15m agus coigilteas atreoraithe ó réimsí eile den Vóta dar luach €9.6m.

## Feidhmíocht an Chúraim Leanaí agus an Obair Shóisialta

**<u>Cuspóir Straitéiseach 3</u>: Go mbeidh na córais leasa leanaí agus na córais cosanta leanaí éifeachtach agus freagrach**

**An Sainghrúpa Comhairleach**

Tháinig an Sainghrúpa Comhairleach (EAG), ar bunaíodh é in 2018 chun monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm thuarascáil na moltaí in imscrúdú HIQA ar bhainistíocht líomhaintí maidir leis an mí-úsáid ghnéasach leanaí i gcoinne daoine fásta is ábhar imní, arna déanamh ag an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (Tusla), le chéile 8 n-uaire in 2019. Tionóladh an cruinniú deiridh i Meán Fómhair 2019. Rinne an EAG maoirseacht ar an dul chun cinn i réimsí a bhí sainaitheanta ag HIQA mar réimsí a bhfuil gá leis an ngníomhú práinneach ina leith:

1. An Scagthástáil agus CervicalCheck
2. An Phleanáil Sábháilteachta
3. Cásanna Siarghabhálacha a bhainistiú;

D'fhoilsigh an EAG trí thuarascáil ráithiúla i mí Eanáir, i mí Aibreáin agus i mí Iúil 2019, agus rinne sé maoirseacht ar an dul chun cinn atá déanta ar na téamaí uile i bplean gníomhaíochta Tusla. Chinn sé gur soláthraíodh fianaise leordhóthanach móiminteam chun an próiseas a thabhairt i gcrích, agus cuireadh tuarascáil deiridh an EAG faoi bhráid Bhord an Aire agus Bhord Tusla i mí na Samhna, 2019.

I dteannta le páipéar a d'ullmhaigh HIQA, tiomsaíodh tuarascáil ina ndearnadh athbhreithniú ar an gcleachtas idirnáisiúnta maidir leis an rialáil seirbhísí sóisialta leanaí agus cuireadh faoi bhráid EAG í.

**Treochtaí i sonraí feidhmíochta Tusla**

Rinneadh athbhreithniú mionsonraithe ar threochtaí sonraí maidir leis an gcéad chúig bliana do Tusla a bheith ann. Cuireadh na torthaí i láthair ag seimineár a tionóladh go luath i mí na Nollag 2019. Tá páipéir a tháinig as an athbhreithniú á n-ullmhú a bhfuiltear chun iad a fhoilsiú.

**Seirbhísí comhordaithe do leanaí arna ndéanamh an mhí-úsáid ghnéasach**

Seoladh tionscadal píolótach bunaithe ar shamhail Barnahus de sheachadadh seirbhíse do leanaí a ndearnadh mí-úsáid ghnéasach orthu i mí Mheán Fómhair 2019. Déanann an Roinn cathaoirleacht ar an ngrúpa oibre idir-rannach a rinne maoirseacht ar fhorbairt na seirbhíse píolótaí agus a bunaíodh é chun ionaid trasghníomhaireachta a iniúchadh chun tacú le leanaí agus le teaghlaigh leanaí a ndearnadh mí-úsáid ghnéasach leanaí orthu. Tugann an tseirbhís, atá bunaithe ar shamhail 'Barnahus', ón Íoslann, seirbhísí cosanta leanaí, measúnaithe, sláinte, teiripeacha agus póilíneachta le chéile i dtimpeallacht atá dírithe ar leanaí. Is éard is aidhm leis ná go laghdaítear aon tráma breise don leanbh agus dá t(h)eaghlach a oiread agus is féidir agus a fheabhsaíonn éifeachtacht agus éifeachtúlacht seirbhísí tacaíochta um mí-úsáid ghnéasach ar leanaí don leanbh. In 2019, soláthraíodh maoiniú breise de €300,000 do Tusla chun an t-ionad píolótach a bhunú. Coimisiúnaíodh sainchomhairleoir seachtrach chun an méid ábhar atá le foghlaim agus atá

ábhartha a ghabháil ó bhunú an ionaid phíolótaigh, chun forbairt bhreise na seirbhíse a threorú ar an mbonn náisiúnta.

**Clár na hÉireann um Dhídeanaithe a Chosaint (IRPP)**

Lean an Roinn ag obair go dlúth leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, leis an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, an tSeirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann (INIS), na húdaráis áitiúla agus Tusla ar athlonnú mionaoiseach neamhthionlactha, mar chuid dá ról i gClár na hÉireann um Dhídeanaithe a chosaint.

Amhail deireadh 2018, bhí 51 leanbh gan tionlacan glactha ag Tusla faoin IRPP. As an líon daoine sin, bhí 6 duine díobh ón nGréig, 41 duine ó Calais agus 4 díobh ó Mhálta. Cé go raibh tionchar ag an gcostas ard agus an soláthar íseal tithíochta ar na gealltanais a rinneadh maidir leis an IRPP a shásamh, leanann an Roinn ag obair i dtreo oibleagáidí na hÉireann i leith dídeanaithe a chomhlíonadh agus, go háirithe, i leith leanaí dídeanaithe atá scartha óna dteaghlach.

**Cuspóir Straitéiseach 4: Go gcuirfear polasaithe bunaithe ar fhianaise chun cinn, go dtugtar tacaíocht dá leithéid de pholasaithe agus go nglacfaidh leanaí agus daoine óga páirt i gcinntí a dhéanamh a mbeidh toradh acu ar a saol**

**Caighdeáin an tSoláthair Dhírigh**

Ghlac an Roinn páirt ar an nGrúpa Oibre Idir-Rannach, a dhéanann an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais cathaoirleacht air, chun sraith chaighdeán a fhorbairt don Soláthar Díreach. Dhírigh an Roinn ar na caighdeáin a bhaineann le leanaí agus chuidigh an Roinn leis an bhforbairt caighdeán rialaithe, agus le tuarascáil deiridh an Ghrúpa ar tugadh chun críche í i mí na Nollag.

**Grúpa Oibre ar conas sonraí agus an taighde a úsáid**

Ag teacht le moladh a ndearnadh i dTuarascáil Ryan, cuireadh tús le hobair in 2019 chun grúpa oibre d'oifigigh ón RLGÓ agus ó Tusla a chur i mbun chun moltaí a fhorbairt maidir le húsáid sonraí agus na taighde chun cur leis an tuiscint atá againn ar shaol leanaí atá faoi chúram agus atá ag fágáil an chúraim. Mar chuid den obair seo, cuirfear an indéantacht taighde fadaimseartha a dhéanamh ar leanaí atá faoi chúram nó atá ag fágáil an chúraim san áireamh, freisin.

**Saineolas ar an obair shóisialta**

Tá comhairle ghairmiúil ar an Obair Shóisialta ar fáil don Roinn agus tá baill foirne breise earcaithe aici a bhfuil saineolas acu chun cur leis an eolas intí lena gcuirtear bonn eolais faoin bhforbairt beartais agus oibre idir-rannach. Chabhraigh sé sin le bonn eolais a chur le forbairt an bheartais agus an treoir chleachtais i bpríomhréimsí, mar shampla sa chúram altrama, sa rialachas agus sa rialáil, chomh maith leis an fhorbairt caighdeán, chun táscairí

feidhmíochta a aithint agus an anailís sonraí. Leantar ar aghaidh sa Roinn ag freagairt ceisteanna ardaithe ag an bpobal agus ag an Oireachtas maidir le leas agus cosaint leanaí.

**Cuspóir Straitéiseach 5: Go dtabharfar tacaíocht d'ardchaighdeáin i gcomhlíonadh rialuithe agus freagrachta agus go bhforfheidhmeofar iad.**

**Tuairiscí cigireachta**

Déanann an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cháilíocht Sláinte cigireacht ar sheirbhísí leasa agus cosanta leanaí Tusla, ar sheirbhísí cúraim altrama agus ar ionaid chónaithe do leanaí atá á reáchtáil ag Tusla.  Fuair an Roinn 39 dtuarascáil in 2019, bunaithe ar chigireachtaí HIQA a ndearnadh ar 14 ionad cónaithe do leanaí agus ar 4 sheirbhís réigiúnacha cúraim chónaithe; maidir leis an gcúram altrama i 10 gceantar agus 2 sholáthraí phríobháideacha; 5 réimse seirbhíse cosanta leanaí agus leasa leanaí; 3 aonad cúraim speisialta; agus 1 iniúchadh réimse seirbhíse (an cúram altrama agus an cúram cónaithe). Anuas air sin, chuir Tusla tuarascálacha cigireachta isteach i dtaca le 109 iniúchadh a rinneadh ar ionaid. D'fhoilsigh an Painéal Náisiúnta Athbhreithnithe agus an tOmbudsman do Leanaí tuarascálacha chomh maith, agus rinneadh athbhreithniú agus anailísiú orthu chun an méid a bhí le foghlaim uathu, chomh maith leis na ceisteanna a bhí ag teacht chun cinn, a shainaithint. Leis sin, áirítear samplaí den dea-chleachtas agus réimsí ina dteastaíonn feabhsú seirbhíse agus ionchur i bhforbairt beartais.

Chuir an Roinn le Grúpa Sainchomhairleach HIQA freisin maidir le conas creat cigireachta téamach a fhorbairt le haghaidh na gcéimeanna uile den obair shóisialta um chosaint leanaí ón gcéim atreoraithe go dtí deireadh chéim an mheasúnaithe thosaigh. Tá ionadaíocht ag an Roinn freisin ar Ghrúpa Comhairleach de chuid HIQA ar fhorbairt Caighdeán Náisiúnta nua do Sheirbhísí Leanaí.

Déanann an Roinn anailísiú ar na sonraí míosúla agus bliantúla ar phríomhtháscairí feidhmíochta curtha isteach ag Tusla. Baintear úsáid as an anailís seo chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus chun treochtaí a aithint, chun leithdháiltí buiséid a threorú, chun comparáidí idirnáisiúnta a éascú agus chun réimsí seirbhíse a bhfuil feabhsú ag teastáil uathu a aithint. Úsáidtear í freisin chun tacú le hobair na Roinne, agus é mar bhonn eolais do mheastacháin, do phleanáil fórsa saothair agus d'fhorbairt beartais. Mar thoradh ar iarracht chomhoibritheach idir Tusla agus an Roinn forbraíodh ceithre mhéadracht nua a bhaineann le leanaí atá faoi chúram. Cuireadh tús leis an tuairisciú ar na méadrachtaí seo in 2020.

**Cuspóir Straitéiseach 6: Go bhfeabhsófar an feidhmiú trí ailíniú éifeachtach d'acmhainní a chur i bhfeidhm**

Chun forbairt beartais agus cumas maoirseachta oibríochtúla a mhéadú, tá an Roinn ag féachaint do na hathbhreithnithe agus don anailís atá déanta ar thuarascálacha de chuid Tusla, Oifig an Ombudsman do Leanaí, an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA), an Painéal Náisiúnta Athbhreithnithe, Eagraíochtaí Neamhrialtasacha (NGOanna) agus taighde maidir le seirbhísí do leanaí.

Chuaigh an Roinn i mbun obair comhoibríoch, go hintí agus i gcomhar leis an bPríomh-Oifig Staidrimh agus Tusla araon, chun iniúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht sonraí riaracháin a nascadh le leanaí atá faoi chúram agus gnóthachtáil oideachais agus sonraí tinrimh na leanaí sin.

## Forbairt Cláir Tusla agus Creat Tras-Rialtais Tusla

**Seirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla**

Lean an Roinn ar aghaidh ag forbairt treoirphlean beartais chun treo Sheirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla (TESS) amach anseo, lena n-áirítear roinnt imeachtaí Comhairliúcháin a reáchtáil chun tuairimí na ngeallsealbhóirí sa treoirphlean a bhailiú.

Tá leithdháileadh maoinithe breise de €400,000 don bhliain 2020 daingnithe chun tacú le Tusla a chuid feidhmeanna reachtúla um an leas oideachais a chomhlíonadh. Tá an maoiniú seo le haghaidh TESS agus na Seirbhísí Measúnachta agus Clárúcháin Oideachais Mhalartaigh (AEARS) agus tá sé roinnte idir an dá shraith sheirbhíse sin go cothrom. Fuarthas maoiniú breise de €1.6m faoi *What Works* do raon beart atá dírithe ar TESS lena n-áirítear forbairt oibríochtúil an Chláir Críochnaithe Scolaíochta.

D'oibrigh an Roinn i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Scileanna agus TESS ar threoirlínte a fhorbairt maidir le húsáid tráthchlár laghdaithe a i scoileanna.

Críochnaíodh raon Athbhreithnithe faoi Alt 15 maidir leis an oideachas lasmuigh de scoil aitheanta, agus tugadh tacaíocht leanúnach don Fhoghrúpa Oideachais um Straitéis Comhtháthaithe don Lucht Siúil agus don Lucht Romach lena n-áirítear an taighde bunlíne a thabhairt chun críche agus taighde a thionscnamh ar thionchar na dtacaí píolótacha.

Cuireadh obair shuntasach chun cinn maidir leis na hullmhúcháin chun an tsamhail City Connects, forbartha ag Boston College, a oiriúnú do thimpeallacht Éireannach. Beidh píolótú an tsamhail dhaltaí comhtháite seo ar siúl i scoileanna i Lár Bhaile Átha Cliath Thoir Thuaidh.

## Seirbhís Dlí agus Cirt Óige na hÉireann

**An Scéim Mhaoirseachta ar Bhannaí**

Leis an Scéim Maoirseachta ar Bhannaí (BSS), tá dian-tacaíocht do sholáthraithe cúraim daoine óga curtha ar fáil chun athrú inbhuanaithe san iompar daoine óga a éascú ionas go mbeifear in ann cloí le coinníollacha bannaí atá leagtha síos ag na cúirteanna, agus an ráta athchiontaithe a laghdú agus an rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí sóisialta a chur chun cinn chomh maith. In 2019, bronnadh an Dámhachtain Ceartuithe Pobail 2019 ar an Scéim

ag Comhdháil Chumann Idirnáisiúnta Ceartuithe & Príosún (ICPA) chomh maith leis an dámhachtain as sármhaitheas trí chomhoibriú ag Dámhachtainí Feabhais agus Nuálaíochta na Státseirbhíse. Rinneadh meastóireacht ar an Scéim in 2019 agus tá na torthaí na torthaí dearfacha a baineadh amach i roinnt réimsí le feiceáil iontu, lena n-áirítear laghdú ar an iompar inchiontaithe; níos mó comhlíonta le coinníollacha bannaí agus laghdú ar an méid smachtbhannaí coimeádta. Fuarthas maoiniú chun tacú leis an scéim a leathnú amach in 2020.

# Clár B: Cláir Earnála le haghaidh Leanaí agus an Aosa Óig

## Brollach

### Forbairt Cláir Tusla agus Creat Tras-Rialtais Tusla

**Clár PPFS Tusla**

D'éirigh le haistriú Chlár ABC go Tusla, agus forbraíodh treoir nua don chlár sin chun tacú lena fhorbairt amach anseo mar chuid den Chlár um Chosc, Comhpháirtíocht agus Tacaíocht Teaghlaigh (PPFS) i gcoitinne. Lean an RLGÓ ag tacú leis an gClár PPFS mar chuid ríthábhachtach do thairiscint seirbhíse Tusla um an gcosc agus an idirghabháil luath, d'fhonn deacrachtaí a d'fhéadfadh tarlú i saol leanaí agus daoine óga a shárú nó a sheachaint.

**Cad é a Oibríonn *(What Works)***

Seoladh *What Works* i mí Iúil 2019 le suíomh gréasáin agus an Mol Sonraí agus Faisnéise Torthaí do Leanaí ar líne. Is tionscnamh é *What Works* atá faoi stiúir na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige, agus a fhaigheann maoiniú ó na Cuntais Díomhaoine, chun tacú leis an aistriú i dtreo seirbhísí coiscthe agus luath-idirghabhála eolas-bhunaithe do leanaí, do dhaoine óga agus dá dteaghlaigh.

I rith na bliana, seachadadh sraith tionscnamh um Fhorbairt Acmhainne, lena n-áirítear dhá Chlár Ceannaireachta Feidhmiúcháin i gcomhpháirtíocht le hOllscoil Luimnigh, clár náisiúnta tacair foghlama gníomhaíochta agus seimineár sonraí.

Leanadh ar aghaidh leis an mBeart Maoinithe Tacaíochta Líonra in 2019, agus soláthraíodh €300,266 mar mhaoiniú d'eagraíochtaí lonnaithe ar fud na hÉireann chun eolas a roinnt agus chun saol leanaí, daoine óga agus a dteaghlaigh a fheabhsú.

Bhíothas in ann eagraíocht chomhordaithe a shocrú freisin, trí phróiseas soláthair. Tá sé i gceist ag an eagraíocht seo tacú leis an obair atá déanta ag What Works, agus chun What Works a riar, lena chinntiú go mbaintear amach leis an tionscnamh barr a acmhainneacht chun sonraí, fianaise, cumas agus cáilíocht na seirbhísí coiscthe agus luath-idirghabhála a fheabhsú do leanaí, do dhaoine óga agus do theaghlaigh.

## AD Seachtrach

Rinne an Roinn róil chomhoibrithe feidhmiúla agus thrasfheidhmiúla an Aonaid Acmhainní Daonna Seachtracha a fhorbairt agus a dhaingniú ionas go mbeifear in ann comhaontú a dhéanamh leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar roinnt cúrsaí casta AD

agus pinsin i ngníomhaireachtaí na Roinne agus i roinnt comhlachtaí seachtracha, lena n-áirítear:

- socruithe luach saothair/aoisliúntais le haghaidh phost an POF i dTusla agus in Údarás Uchtála na hÉireann;
- ceadú chun leanúint le socruithe creidmheasa incriminteacha eisceachtúla d'Oibrithe Cúraim Shóisialaigh Chónaithe ar Champas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin earcaíochta;
- plean gníomhaíochta agus amlíne chun an scéim aoisliúntais a rialáil do bhaill foirne a tháinig isteach roimh 2013 i gCampas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh;
- réiteach eatramhach ar fhadhbanna suntasacha pinsin a bhaineann le Cumann na hÉireann um Chosaint Leanaí agus a théann i bhfad siar;
- tacaíocht leanúnach d'aonaid bheartais inmheánaigh agus do ghníomhaireachtaí gaolmhar leis an Roinn, agus do chomhlachtaí san earnáil, maidir le ceisteanna AD agus IR a thagann chun cinn.

***Grúpa Oideachais um an Obair Shóisialta (SWEG)***

Bhunaigh an Roinn an *Grúpa Oideachais um an Obair Shóisialta* i mí Eanáir 2019 chun an soláthar céimithe oibre sóisialta a iniúchadh i gcomhar le príomhpháirtithe leasmhara, le hinstitiúidí ardoideachais agus le Tusla.

- Is éard atá ar an nGrúpa seo ná OÉG, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh (UCC), Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath (UCD), Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (TCD), Institiúid Teicneolaíochta Shligigh, agus Ollscoil Mhá Nuad, chomh maith le príomhpháirtithe eile, leithéidí Tusla, an FSS, an tSeirbhís Phromhaidh , Cumann Ollscoile na hÉireann (IUA), an Cumann Teicneolaíochta Ardoideachais (THEA), an tÚdarás Ardoideachais (HEA), Solas, agus an Roinn Oideachais agus Scileanna.
- Mar gheall ar pháirtithe leasmhara ón FSS agus ó sheirbhísí arna maoiniú iad, agus ó Tusla agus ón tSeirbhís Promhaidh chomh maith, déantar cinnte de go bhfuil ionadaíocht ar na trí mhórfhostóir san earnáil phoiblí d'oibrithe sóisialta in Éirinn déanta ann.
- Ba í an phríomhcheist le scrúdú in 2019 ná an próiseas socrúcháin reachtúil do mhic léinn oibre sóisialta a shruthlíniú agus a fhoirmiú chun tacú leis an soláthar de níos mó áiteanna oiliúna.
- Choimisiúnaigh an Roinn taighde chun bealaí agus cuir chuige malartacha a shainaithint lena mbeifear in ann an próiseas seo a shruthlíniú, ag obair i gcomhar le páirtithe leasmhara.
- Breithneofar an tuarascáil deiridh agus na chéad chéimeanna eile a d'fhéadfadh a bheith le déanamh in 2020.

**An tSamhail Phleanála Straitéisí d'Fhórsa Oibre Tusla**

Chuir an Roinn tacaíocht leanúnach ar fáil do Tusla i bhforbairt chéad *Samhail Pleanála Straitéisí d'Fhórsa Oibre na Gníomhaireachta* chun comhdhéanamh fhórsa oibre Tusla amach anseo don bhliain 2019 agus ina dhiaidh a aithint.

- Tá an t-athrú seo riachtanach chun freagairt Tusla ar thorthaí *Thuarascáil Imscrúdaithe 2018 HIQA ar bhainistíocht líomhaintí faoin mí-úsáid ghnéasach leanaí i gcoinne daoine fásta is ábhar imní ag an nGníomhaireacht Leanaí agus Teaghlaigh (Tusla)* inar leagadh béim ar an ngá atá ann le hoibrithe sóisialta díriú ar a bpríomhfhreagrachtaí agus tacaíocht a fháil ó bhaill foirne ábhartha eile, de réir mar is gá.
- Glacann oifigigh na Roinne páirt ar Ghrúpaí Stiúrtha & Oibre Tusla chun cur i bhfeidhm na Samhla Pleanála Straitéisí don Fhórsa Oibre a mhaoirsiú agus a stiúradh.

## An Beartas Uchtála

**An tacaíocht iar-uchtaithe**

Faoi mhaoiniú na gCuntas Díomhaoin, lean an Roinn, trí Tusla, ag tacú leis an teiripe iar-uchtála atá curtha ar fáil ag Barnardos. Cuimsítear leis seo seirbhísí teiripeacha aonair do leanaí uchtaithe agus do thuismitheoirí, chomh maith le hobair ghrúpa i gcomhar le leanaí agus déagóirí uchtaithe.

In 2019, rinne Barnardos a sheirbhísí iar-uchtála a leathnú amach ar an leibhéal náisiúnta, agus d'oscail ionaid iar-uchtála nua i gCorcaigh agus i nGaillimh, agus rinne an t-ionad i mBaile Átha Cliath atá ann cheana féin a leathnú amach freisin. Fágann sé sin go bhfuil clúdach náisiúnta den chéad uair ag an tseirbhís theiripeach iar-uchtaithe atá ar fáil do leanaí atá uchtaithe laistigh den tír, a ghlactar iad ó thíortha eachtracha, nó a ghlactar ón gcúram altrama iad chomh maith.

## Athchóiriú, Straitéis agus Rannpháirtíocht na hÓige

**Éachtaí Suntasacha um Athchóiriú na hÓige 2019:**

Sheol an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige an clár maoinithe óige ***UBU D'Áit Do Spás*** go hoifigiúil an 16 Nollaig 2019 ar luach €38.5 milliún.

Bhí seoladh na scéime mar bhuaicphointe chláir suntasach athchóirithe ar cheithre scéim maoinithe atá spriocdhírithe ar an aos óg ar bhonn ar leith.  I measc phríomhghnéithe an chláir athchóirithe in 2019 bhí:

Sraith imeachtaí rannpháirtíochta agus comhairliúcháin le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear próiseas comhairliúcháin le daoine óga chun an scéim nua a dhearadh agus a bhrandáil;

Dearadh na bpróiseas, na n-uirlisí agus na n-aschur riachtanach lena n-áirítear doiciméad Beartais agus Rialacha Oibriúcháin, Trí Threoir don Úsáideoir, sraith de KPIanna beartaithe, plean feidhmithe, suíomh gréasáin don scéim nua, agus,

Comhaontú seirbhíse cuimsitheach a ndearnadh é a chomhaontú idir an RLGÓ agus na Boird Oideachais agus Oiliúna (BOOanna) go léir le haghaidh clár maoinithe óige éagsúla.

## Gnóthaí Óige

### Cláir don Óige

Is ionann an buiséad foriomlán don earnáil óige in 2019 agus €60.4 milliún. Thacaigh an maoiniú sin le soláthar raon clár agus seirbhísí oibre óige ag earnáil na hoibre deonaí don óige do gach duine óg, lena n-áirítear iad siúd ó phobail faoi mhíbhuntáiste, atá leochaileach agus imeallach.

Thacaigh an chionroinnt is mó den mhaoiniú don óige go díreach le soláthar seirbhísí spriocdhírithe don ógra, agus cuireadh €38.5 milliún ar fáil d'eagraíochtaí maoinithe trí na Boird Oideachais agus Oiliúna (BOOanna).

Bhain Eagraíochtaí Náisiúnta Óige leas as €11 milliún den mhaoiniú uilíoch faoin Scéim Deontais Seirbhísí Óige don bhliain 2019.

Chonacthas maoiniú leanúnach de €1 milliún in 2019 freisin le haghaidh an Tionscnaimh Infhostaitheachta don Aos Óg atá dírithe ar dhaoine óga nach bhfuil fostaithe ná sa chóras oideachais agus oiliúna chun cabhrú leo leanúint ar aghaidh chun post a fháil.

Cuireadh maoiniú de €3.7 milliún ar fáil do na 16 BOO atá lonnaithe ar fud na tíre maidir lena gcuid oibre rialachais ag tacú le seirbhísí óige, agus cuireadh maoiniú de €2 mhilliún ar fáil don Scéim Deontais do Chlubanna Óige Áitiúla i mbliana.

In 2019, cuireadh Scéim Deontais Chaipitil dar luach €1.7 milliún ar fáil d'eagraíochtaí náisiúnta óige agus do sheirbhísí óige faoi stiúir fhoirne chun tionscadail bheaga caipitil a mhaoiniú.

### An Rialachas

Seoladh *UBU - Do Áit, Do Spás* i mí na Nollag 2019 agus an 1 Iúil 2020 an dáta tosaigh foirmiúil. Soláthraíonn *UBU - Do Áit, Do Spás* seirbhísí a thacaíonn le daoine óga atá ar an imeall, faoi mhíbhuntáiste nó atá leochaileach, na scileanna pearsanta agus sóisialta a theastaíonn chun cur leis na deiseanna saoil atá le fáil acu.

Buaileann an Roinn gach dhá bhliain leis na faighteoirí is mó ón Scéim Deontais um Sheirbhísí don Óige (YSGS), agus béim ar leith leagtha ann ar an rialachas, ar an gcomhlíonadh agus ar shaincheisteanna airgeadais. Cuirtear leis seo trí chuairteanna fíoraithe Pobal ar shampla de na heagraíochtaí gach uile bhliain.

Lean an Roinn leis an idirtheagmháil atá aici leis na 16 Bhord Oideachais agus Oiliúna áitiúla (BOOanna) agus lena gcumann ionadaíoch náisiúnta, Boird Oideachais agus Oiliúna na hÉireann (BOOÉ).

**Rannphháirtíocht AE/Idirnáisiúnta maidir le Gnóthaí Óige**

Lean an Roinn ag déanamh ionadaíochta ar Éirinn ag Meitheal an Óige sa Bhruiséil, ag tacú le hobair Chomhairle Airí Oideachais, Óige, Cultúir agus Spóirt an AE (EYCS) le linn don Rómáin agus don Fhionlainn a bheith ag déanamh Uachtaránacht ar an Eoraip in 2019.

D'fhreastail ionadaithe ón Roinn ar chruinnithe Choiste chlár Erasmus + sa Bhruiséil in éineacht lena gcomhghleacaithe ón Roinn Oideachais agus Scileanna, agus rinneadh ionadaíocht ar son Éireann chun cúrsaí don Aos Óg a phlé i gComhairle na hEorpa.

**An Comhoibriú Thuaidh-Theas**

Mar cheann de na ranna cuntasacha do chomhpháirt um Leanaí agus Daoine Óga de chlár PEACE IV, lean an Roinn ag obair le hoifigigh ón Roinn Oideachais i dTuaisceart Éireann chun tacú le saol daoine óga i dTuaisceart Éireann agus réigiún na teorann, ar bhonn trasphobail agus trasteorann. Lean an Roinn lena cuid freagrachtaí ar an gCoiste um Chaighdeáin Oideachais agus Oiliúna Thuaidh-Theas (NSETS) a chomhlíonadh.

## Beartas agus Cláir na Luathbhlianta: An Chéad 5

**<u>Cuspóir Straitéiseach 1</u>**

**Plean Forfheidhmithe an Chéad 5 (2019-2021) Foilsithe**

Ag teacht sna sála ar sheoladh *An Chéad 5, Straitéis Uile-Rialtais do Leanaí, Leanaí Óga agus dá dTeaghlaigh (2019-2028)* i mí na Samhna 2018, foilsíodh an Chéad 5 Phlean Forfheidhmithe i mí na Bealtaine, 2019. Clúdaíonn sé seo an chéad chéim de chur i bhfeidhm an Chéad 5, agus sainaithníonn sé garspriocanna tábhachtacha i ndáil leis na bearta uile do 2019, 2020 agus 2021 chomh maith leis an bpríomh-aschur do na bearta atá le déanamh faoi 2021.

Le linn 2019, rinneadh cuid de na bunchlocha riachtanacha chun an Chéad 5 a chur i bhfeidhm go rathúil a leagan síos freisin. Cuireadh Oifig Feidhmithe an Chéad 5 i mbun agus forbraíodh Plean Cumarsáide agus Plean Taighde agus Meastóireachta don straitéis.

**Samhail Mhaoinithe nua a fhorbairt don Luathfhoghlaim agus Cúram agus do Chúram Leanaí ar Aois Scoile**

Bunaíodh Grúpa Saineolaithe chun Samhail Mhaoinithe nua don Luathfhoghlaim agus Cúram (ELC) agus do Chúram Leanaí Aois Scoile (SAC), ceann de na bearta faoi an Chéad 5, a bhunú i Meán Fómhair 2019. Tionóladh cruinniú tionscnaimh an Ghrúpa Saineolaithe i mí Dheireadh Fómhair 2019 agus tháinig an Grúpa le chéile 5 huaire go dtí seo. Déantar an chathaoirleacht go neamhspleách ar an nGrúpa Saineolaithe agus tá saineolaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta araon ina gcomhaltaí air, chomh maith le saineolaithe beartais ón Roinn Gnóthaí Leanaí agus Óige, ón Roinn Oideachas agus Scileanna agus ón Roinn Caiteachas agus Athchóiriú Poiblí.

Tá sé de chúram ar an nGrúpa Saineolaithe scrúdú a dhéanamh ar an tsamhail mhaoinithe reatha, ar a éifeachtúlacht chun ELC agus SAC a sholáthar atá ar ardchaighdeán, inacmhainne agus inrochtana in earnáil inbhuanaithe. Tá sé ag smaoineamh ar an gcaoi

arbh fhéidir acmhainní breise a sholáthar don earnáil chun na cuspóirí sin a bhaint amach, ag cur leis an gcleachtas idirnáisiúnta sa réimse seo.

Ceapadh Comhpháirtí Taighde, Frontier Economics, go déanach in 2019 agus tá roinnt páipéar oibre á dtáirgeadh acu siúd chun tacú le hobair an Ghrúpa Saineolaithe.

Tá clár comhairliúcháin agus rannpháirtíochta beartaithe le bheith curtha ar siúl ar fud na tíre freisin chun tuairimí tuismitheoirí, foirne, soláthraithe agus na n-eagraíochtaí earnála i gcoitinne a chloisteáil chun an obair seo a threorú.

Tá sé beartaithe go leanfaidh an Grúpa Saineolaithe ar aghaidh go dtí 2021 agus go gcuirfear moltaí an Ghrúpa faoi bhráid an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige, agus faoi bhráid an Rialtais ina dhiaidh. Tá na cáipéisí a bhaineann le gach aon chruinniú de chuid an Ghrúpa Saineolaithe ar fáil ar shuíomh gréasáin an tionscadail: www.first5fundingmodel.gov.ie

### Athbhreithniú Neamhspleách ar an gCostas a bhaineann le Cúram Leanaí Ardchaighdeáin a sholáthar

Rinne an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige Crowe a choimisiúnú chun athbhreithniú neamhspleách a dhéanamh ar an gcostas atá i gceist chun an cúram leanaí ar ardchaighdeán a sholáthar in Éirinn. Mar chuid den tasc seo, bhí sé i gceist:

- anailís a dhéanamh ar na costais reatha a bhaineann le cúram leanaí a sholáthar agus na tosca a mbíonn tionchar acu ar na costais seo;
- forbairt agus seachadadh múnla de na costais aonaid a bhaineann le cúram leanaí a sholáthar chun anailís ar athruithe beartais agus éagsúlacht i gcúiseanna costais a éascú, lena n-áirítear tionchar féideartha na gairmiúlachta; agus,
- anailís mhargaidh oibiachtúil agus ar ardleibhéil a sholáthar ar an earnáil chúraim leanaí in Éirinn, lena n-áirítear anailís ar leibhéil na dtáillí a ghearrtar ar thuismitheoirí.

Tá sé i gceist ag an tionscadal bonn fianaise láidir a sholáthar d’fhorbairt bhreise Luathfhoghlama agus Cúraim agus Cúram Leanaí in Aois Scoile in Éirinn. Tá sé i gceist freisin go mbeidh na haschuir, lena n-áirítear an t-áireamhán costais a forbraíodh tríd an tionscadal seo, mar ionchur lárnach i socrú rátaí caipitíochta agus fóirdheontais do scéimeanna maoinithe amach anseo agus breithneoidh an Grúpa Saineolaithe a tionóladh le déanaí iad chun samhail nua mhaoinithe don Luathfhoghlaim agus Cúram agus Cúram Leanaí in Aois Scoile a fhorbairt. Tháinig an dhréacht-tuarascáil deiridh, an uirlis samhaltaithe costais agus an treoir faoi réir athbhreithnithe piaraí in 2019. Ag teacht as an athbhreithniú seachtrach piaraí, rinneadh píosa breise oibre agus rinneadh ullmhúcháin le haghaidh na lainseála in 2020.

### Próifíl Bhliantúil Earnála na Luathbhlianta (AEYSP)

Seoladh Tuarascáil Bhliantúil Phróifíl Earnála na Luathbhlianta 2018/2019 i mí na Nollag, 2019. Sa seachtú tuarascáil déag sa tsraith, cuireadh ar fáil forbhreathnú mionsonraithe ar an earnáil luathfhoghlama agus cúraim agus cúraim do leanaí in aois scoile in Éirinn, lena n-áirítear líon na leanaí atá cláraithe i suíomhanna luathfhoghlama agus cúraim agus

cúraim leanaí in aois scoile, chomh maith le líon na leanaí atá ag fáil fóirdheontais Stáit. Cuimsítear leis an fhaisnéis chothrom le dáta freisin ar líon na n-áiteanna atá ar fáil do leanaí, ar na táillí a ghearrtar ar thuismitheoirí, agus ar na cáilíochtaí agus an pá atá ag na daoine atá ag obair san earnáil. Tá an Tuarascáil, a bhfuil ról lárnach aici maidir le forbairt beartais a threorú agus le tionchar an athraithe beartais a mheas, bunaithe ar shonraí suirbhéireachta agus riaracháin agus déanann Pobal í thar ceann na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige. Ghlac 3,821 suíomh luathfhoghlama agus cúraim agus cúraim leanaí ar aois scoile páirt sa suirbhé i mBealtaine 2019, agus 85 ráta freagartha an tsuirbhé sin.

**Gnóthaí Idirnáisiúnta**

Eisítear Moltaí Tír-Shonracha (CSRanna) do thíortha ar réimsí ina mothaíonn an Coimisiún gur gá dul chun cinn suntasach a dhéanamh le Seimeastar Eorpach, arb é an timthriall chomhordúcháin bliantúil fioscach agus eacnamaíoch laistigh den AE é. In 2019, bhí príomhfhreagracht ar an Roinn aghaidh a thabhairt ar an gcuid den Mholadh Tír-Sonrach inar iarradh ar Éirinn “an rochtain ar chúram leanaí inacmhainne agus ardchaighdeáin a mhéadú”.

**Tionscadail Tras-Rialtais**

In 2019, bhí baint ghníomhach ag an Roinn le hobair thras-rialtais a bhaineann leis an Luathfhoghlaim agus Cúram agus Cúram Leanaí in Aois Scoile, ag cur le roinnt tionscnamh, straitéisí agus tionscadal náisiúnta in go leor Ranna éagsúla. Soláthraíodh cuid de na hionchuir shuntasacha seo do Chonairí Chun Oibre, Future Jobs Ireland, agus don Treochlár um an Ionchuimsiú Sóisialta. Cuirtear san áireamh san obair thras-rialtais seo na réimsí beartais forleathana don Roinn dála rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair, an bhochtaineacht agus an mhíbhuntáiste sa luath-óige, agus fórsa saothair ghairmiúil Luathfhoghlama agus Cúraim.

## Maoirseacht agus Cumarsáid i Scéim na Luathbhlianta

**Cuspóir Straitéiseach 2**

- *In 2019 d’éirigh linn na scéimeanna Luathfhoghlama agus Cúraim Leanaí agus Cúram Leanaí in Aois Scoile a riar go héifeachtach.* Rinneadh athbhreithniú ar na rialacha lena rialaítear na scéimeanna chun rialachas a fheabhsú agus chun soiléireacht níos fearr a thabhairt do sholáthraithe maidir le saincheisteanna comhlíonta. Ba é leithdháileadh Bhuiséad 2019 do na Scéimeanna Cúraim agus Oideachais Luath-Óige (ECCE), an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí (NCS), Fóirdheontas Cúram Leanaí Pobail (CCS) / Fóirdheontas Cúraim Leanaí Pobail Móide (CCSP) agus Oiliúint agus Fostaíocht Cúram Leanaí (CCE) €455.3m
- Cuireadh €6.1 milliún ar fáil tríd an gClár Caipitil Cúraim Leanaí um Luathfhoghlaim agus Cúram do Leanaí in Aois Scoile 2019 chun 1,321 áit nua a chruthú do leanaí 0-3 bliana d’aois; 3,123 áit chúram leanaí nua do leanaí in aois scoile; agus 31 tionscadal cothabhála agus deisiúcháin riachtanach.

- Soláthraíodh €19.4 milliún in Íocaíochtaí Tacaíochta Cláir do sheirbhísí cúram leanaí chun cuidiú leis na costais riaracháin a bhaineann le hoibriú clár atá maoinithe ag an Roinn.
- Cuireadh tacaíochtaí ar fáil do sheirbhísí maidir lena ndualgais faoin Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (GDPR).
- D'oibrigh an Roinn i gcomhar leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais (DJE), Clár na hÉireann um Dhídeanaithe a Chosaint (IRPP) agus le Coistí Contae i gCúram Leanaí chun seirbhísí Luathfhoghlama agus Cúraim Leanaí agus Cúraim in Aois Scoile a fhorbairt do theaghlaigh a bhfuil cónaí orthu in Ionaid Éigeandála um Fháiltiú agus Treoshuíomh.
- Cuireadh maoiniú de €11m agus €2.5m ar fáil do 30 Coiste Cúraim Leanaí Contae agus 7 nEagraíocht Dheonacha Náisiúnta um Chúram Leanaí faoi seach chun tacaíocht agus treoir a sholáthar do sholáthraithe seirbhíse áitiúla agus do thuismitheoirí maidir leis na cláir chúraim leanaí éagsúla, chun oiliúint ar fhorbairt ghairmiúil a sholáthar agus chun tacú le cáilíocht de réir chreataí náisiúnta agus chuspóirí beartais na Roinne.

**An Chumarsáid**

Reáchtáil an Roinn comhairliúcháin chuiditheacha le hionadaithe geallsealbhóirí, trí roinnt tionscnamh, lena n-áirítear Fóram na Luathbhlianta. Is éard atá ar an bhFóram ná geallsealbhóirí earnáil na luathbhlianta, le hionadaithe ó sholáthraithe cúraim leanaí, tuismitheoirí agus eagraíochtaí leanaí. Tháinig an Fóram le chéile 3 huaire in 2019. Bunaíodh foghrúpa den Fhóram freisin chun scrúdú a dhéanamh ar na saincheisteanna a mbíonn tionchar acu ar ghairmiúlacht an lucht saothair luathfhoghlama agus cúraim agus chun tograí a ullmhú d'Fhóram na Luathbhlianta chun iad a bhreith. Bhuail an foghrúpa leis an Roinn uair amháin in 2019.

- Fuair an Roinn níos mó ná 900 uiríoll thar ceann leanaí, tuismitheoirí nó soláthraithe in 2019;
- Cuireadh 488 Ceist Pharlaiminte ar shaincheisteanna maidir leis na luathbhlianta in 2019;
- D'fhreagair an Roinn níos mó ná 2000 ceist ar leith maidir leis na luathbhlianta;
- Eisíodh 7 nuachtlitir 'luathbhlianta' do gach uile sholáthraí in 2019, chun iad a chur ar an eolas is nua faoi shaincheisteanna a bhaineann leis an earnáil. Cuireadh leis na nuachtlitreacha le ríomhphoist ag tabhairt foláireamh do sholáthraithe faoi shaincheisteanna tábhachtacha.
- Seoladh suíomh gréasáin nua chun faisnéis faoi Choistí Cúraim Leanaí an Chontae, www.myccc.ie

## An tArd-Chaighdeán sna Luathbhlianta

**<u>Cuspóir Straitéiseach 2</u>**

### An Plean Gníomhaíochta um an bhFeighlíocht Leanaí

I mí Lúnasa 2019, d'fhoilsigh an Roinn dréachtphlean Gníomhaíochta um an bhFeighlíocht Leanaí, agus leagtha amach ann bearta gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha chun an rialáil agus an tacaíocht feighlithe leanaí ar bhonn céimnithe sna deich mbliana atá amach romhainn. Rinneadh comhairliúchán fairsing ar an bPlean Gníomhaíochta sa ráithe dheireanach de 2019. Ina dhiaidh sin, choimisiúnaigh an Roinn tuarascáil chun torthaí an phróisis chomhairliúcháin a mheas. Tugadh é sin chun críche i mí na Nollag, 2019. Beidh conclúidí na tuarascála mar threoir d'fhorbairt Plean Gníomhaíochta um an bhFeighlíocht Leanaí le bheith ceadaithe ag an Rialtas. Ceapadh Comhordaitheoir Náisiúnta um an Fheighlíocht Leanaí agus foireann d'Oifigigh Forbartha Feighlíochta Réigiúnacha freisin chun tacú le cur i bhfeidhm an Phlean Gníomhaíochta.

### Cáilíochtaí don Fhórsa Saothair

Coinníonn an Roinn liosta de na cáilíochtaí a chomhlíonann na riachtanais rialála agus conartha. Caithfidh cleachtóirí luathfhoghlama agus cúraim, nach bhfuil a gcáilíocht ar an liosta, dul faoi phróiseas aitheantais cáilíochta. In 2019, próiseáladh beagnach 1,200 iarratas ar cháilíochtaí a aithint.

D'oibrigh an Roinn i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) chun critéir agus treoirlínte nua a leagan síos do chúrsaí leibhéal 7 agus 8 sa luathfhoghlaim agus cúraim, le tosú i 2021. D'fhoilsigh an ROS na critéir agus na treoirlínte nua sin i mí Aibreáin 2019. D'oibrigh an Roinn le Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann chomh maith ar athbhreithniú ar cháilíochtaí Leibhéal 5 agus 6.

### Plean Forbartha don Fhórsa Saothair

Bunaíodh Grúpa Stiúrtha i mBealtaine 2019 chun tús a chur leis an obair ar Phlean Forbartha don Fhórsa Oibre in earnáil na luathbhlianta. Beidh sé mar aidhm ag an bPlean próifíl na ngairmeacha beatha san earnáil a ardú, lena n-áirítear trí phróifílí róil, conairí gairme, riachtanais cháilíochtaí agus meicníochtaí beartais gaolmhara a chur i mbun chomh maith le deiseanna forbartha ceannaireachta. Féachfaidh an Plean freisin ar an gcaoi ar féidir fórsa saothair níos cothroime agus níos éagsúla a bhaint amach san earnáil.

Tá dlúth-chomhoibriú i gceist idir an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus an Roinn Oideachais agus Scileanna sa Phlean Forbartha Lucht Oibre. D'fhonn próiseas láidir comhairliúcháin a chinntiú, bunaíodh Grúpa Geallsealbhóirí ar a bhfuil ionadaithe ó gach cearn den earnáil chun oibriú i gcomhar leis an nGrúpa Stiúrtha. Tháinig an dá ghrúpa le chéile roinnt uaireanta in 2019, agus thacaigh siad le pleanáil le haghaidh comhairliúcháin fhairsing leis an lucht oibre.

### Ciste Foghlaimeoireachta

Bhronn an Roinn 481 dámhachtain sparánachta ar chéimithe clár céime ar liosta an RLGÓ de na cháilíochtaí aitheanta arna maoiniú leis an gCiste Foghlaimeoirí in 2019. Mar chuid den tionscnamh níos leithne chun tacú le cáilíocht i bhfeighlíocht leanaí, leathnaíodh an

Ciste Foghlaimeoirí chun tacú le feighlithe leanaí cláraithe a chomhlíon na ceanglais rialála maidir le cáilíochtaí. Meastar go méadóidh an ráta glactha le sparánachtaí feighlithe leanaí le himeacht ama de réir na leasuithe a bheidh curtha leis an earnáil feighlíochta leanaí.

In 2019, leanadh leis ag tacú le tionscnaimh um an bhForbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) leis an gCiste d'Fhoghlaimeoirí, lena n-áirítear oiliúint Hanen agus oiliúint Lámh (mar chuid den tSamhail Rochtana agus Cuimsithe). Cuireadh maoiniú ar fáil chun tacú le rolladh amach na hoiliúna Freagartha Garchabhrach (FAR) atá creidiúnaithe ag an gComhairle Cúraim Éigeandála Réamh-Ospidéil (PHECC) atá le bheith ina riachtanas rialála i 2021.

**Tús Feabhsaithe**

Leanadh leis an tSeirbhís Forbartha Cáilíochta Tús Feabhsaithe (tionscnamh de chuid na Roinne arna óstáil ag Pobal) le clár meantóireachta do sheirbhísí luathfhoghlama agus cúraim a chur ar fáil. In 2019, leathnaíodh ról forbartha cáilíochta Better Start tríd an gclár FGL Aistear and Play a thabhairt isteach, ar chuir speisialtóirí luathbhlianta Better Start ar siúl é agus arna chomhordú ag an Aonad Foghlama agus Forbartha nua laistigh de Better Start.

**Samhail Rochtana agus Cuimsithe (AIM)**

Tacaíonn AIM le leanaí faoi mhíchumas rochtain a fháil ar chlár réamhscoile uilíoch ECCE agus páirt ghníomhach a ghlacadh ann. Samhail atá bunaithe ar an leanbh is ea AIM, ina bhfuil seacht leibhéal de thacaíocht fhorásach ag baint léi, ag aistriú ó thacaíocht uilíoch go dtí tacaíocht spriocdhírithe, bunaithe ar riachtanais an linbh agus ar thimpeallacht na luath-óige agus an luath-chúraim.

Sa bhliain chláir 2018/2019, fuair 5,560 leanbh 8,000 tacaíochtaí AIM spriocdhírithe in 2,397 suíomh éagsúla. Ina theannta sin, bhain i bhfad níos mó leanaí agus timpeallachtaí leas as tacaíochtaí AIM uilíocha.

I mí Dheireadh Fómhair 2019, bhain 877 gcleachtóir réamhscoile eile céim amach ón gclár ardoideachais Ceannaireacht um Chuimsiú (LINC), a chuireann oiliúint ar Chomhordaitheoirí Cuimsithe i suíomhanna réamhscoile.

I mí Lúnasa na bliana 2019 sheol AIM cúrsa nua FGL don earnáil luathfhoghlama agus cúraim. Díríonn an cúrsa R-Fhoghlama um an bPróiseáil Chéadfach (SPEL) ar thacaíochtaí do leanaí le riachtanais phróiseála céadfacha. In 2019, chríochnaigh níos mó ná 400 cleachtóir an cúrsa.

In 2019 áiríodh ar thacaíochtaí AIM clár píolótach de thacaíocht altranais agus cúnamh cúram sláinte do leanaí a bhfuil riachtanais chasta cúram sláinte acu i suíomhanna réamhscoile príomhshrutha.

**Tionscadal Taispeána 2019 - I dTacaíochtaí d'Fhoghlaim agus Cúram na Luath-Óige**

Is éard is cuspóir an tionscadail taispeána, atá faoi stiúir na Roinne Oideachais agus Scileanna, agus atá curtha i gcrích i gcomhar leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus leis an Roinn Sláinte, ná samhail shrathach a fhorbairt agus a thástáil le haghaidh an soláthar teiripe urlabhra agus teanga réamhscoile agus in-scoile, chomh maith leis an

tacaíocht teiripe saothair. Clár píolótach is é an tionscadal i limistéar réigiúnach soiléir, agus 75 réamhscoil ag glacadh páirte ann, a bhfuil meastóireacht déanta air. Cuireadh tús leis an dara bliain den tionscadal a bheith ag an gcéim phíolótach i Meán Fómhair 2019.

**Treoirlínte don Dearadh Uilíoch**

Ghlac an Roinn ceannaireacht le forbairt Treoirlínte Dearaidh Uilíoch do Thimpeallachtaí Fhoghlaim agus Chúram Luathbhlianta, agus seoladh iad i mí an Mheithimh 2019. Tarraingíonn na treoirlínte ar líon méadaitheach fianaise agus cás-staidéir náisiúnta agus idirnáisiúnta ar thábhacht an dearaidh uilíoch mar shásra chun gach leanbh a chur san áireamh agus éagsúlacht na n-aoiseanna, cumais, riachtanas agus roghanna curtha san áireamh ag an am céanna.

**Cúram Leanaí do Leanaí ar Aois Scoile**

Tháinig na Rialacháin faoin Acht um Chúram Leanaí 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) (Clárú Seirbhísí in Aois Scoile) 2018 isteach i bhfeidhm i mí Feabhra 2019, lenar ligeadh do sheirbhísí cúram leanaí do leanaí in aois scoile clárú le Tusla chun iad a chumasú chun páirt a ghlacadh sa Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí.

Cé go ndéanann na Rialacháin tosaigh seo foráil go príomha do phróiseas clárúcháin, cuirfear Rialacháin chuimsitheacha ina n-ionad, a thabharfaidh aghaidh ar ghnéithe níos leithne de cháilíocht, lena n-áirítear riachtanais cháilíochta don fhoireann. Rinne an Roinn comhairliúchán poiblí ar dhréacht-treoirlínte cáilíochta agus rialacháin chuimsitheacha le linn 2019. Foilseofar torthaí thuarascáil an chomhairliúcháin in 2020.

**Tusla, Cigireacht na Luathbhlianta**

Leanadh leis an mhaoirseacht ar Chigireacht Luathbhlianta Tusla in 2019 in ainneoin dúshláin mhóra a bheith ann, lena n-áirítear grinnscrúdú na meán agus an Oireachtais ar sháruithe líomhnaithe maidir leis an gcomhlíonadh rialála ag seirbhísí agus athchlárú seirbhísí réamhscoile. Tar éis craoladh de chuid RTÉ Investigates, chuir an tAire tús le próiseas chun cumhachtaí breise a thabhairt do Chigireacht Luathbhlianta Tusla.

Le linn 2019, rinne Cigireacht Luathbhlianta Tusla 2,308 iniúchadh ar sheirbhísí luathbhlianta, agus bhain siad ceithre sheirbhís ó chlár na seirbhísí luathbhlianta mar gheall ar an neamhchomhlíonadh leanúnach le Rialacháin. Tá sé sheirbhís eile ag achomharc faoi láthair maidir lena bhfógra go mbainfear den chlár iad. Tá na díchlárúcháin agus na hionchúisimh mar fhianaise ar an gcur chuige láidir atá ag Tusla agus é ag gníomhú nuair a fhaigheann sé fianaise den neamhchomhlíonadh.

Tugadh faoi chlár píolótach de chigireachtaí bunaithe ar an gCreat Rialála Cáilíochta (QRF) go luath in 2019. I ndiaidh an chláir phíolótaigh, ar éirigh go geall leis, chuir Tusla tús le rolladh amach cigireachtaí bunaithe ar an QRF go déanach in 2019, agus leanfaidh sé ag tabhairt an fhormáid seo isteach in iniúchtaí in 2020. D'fhorbair Tusla clár ríomhfhoghlama QRF, a bheidh ar fáil do gach soláthróir agus a bhfoireann ar shuíomh gréasáin Tusla ó 2020 ar aghaidh.

Faoin Acht um Ghníomhaireacht Leanaí agus Teaghlaigh 2013, bhí 4,117 seirbhís luathbhlianta ann a raibh orthu athchlárú le Tusla faoin 31 Nollaig 2019. Chun aitheantas a

thabhairt do na deacrachtaí a bhí ag go leor soláthraithe le riachtanais athchlárúcháin a chomhlíonadh, rinne Tusla athbhreithniú ar an líne ama a bhaineann leis chun cuid de na cáipéisí tacaíochta a chur isteach, lena n-áirítear cáipéisí a bhaineann leis an tsábháilteacht ó dhóiteáin agus le riachtanais phleanála. Tá foireann tionscadail Idirghníomhaireachta curtha le chéile ag an RLGÓ chun tacú le tabhairt chun críche an dara céim sínte seo den phróiseas athchlárúcháin.

**An Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS), Cigireachtaí Oideachas na Luathbhlianta**

Lean an Roinn ag obair go dlúth in 2019 le Cigireacht an ROS, a rinne cigireachtaí oideachasdhírithe ar sheirbhísí ECCE thar ceann an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige. Ag teacht leis na gealltanais ar tugadh in an Chéad 5, rinneadh obair ullmhúcháin in 2019 maidir le soláthar cigireachtaí dírithe ar oideachas a leathnú chuig leanaí de gach aois (0-6) i suíomhanna luathfhoghlama agus cúraim.

**An Ailíniú Oibríochtaí agus Córas:**

Tá an Roinn ag déanamh cathaoirleachta ar Ghrúpa Ailínithe Oibríochtaí agus Córais (OSAG) a thugann gníomhaireachtaí le chéile a dhéanann iniúchadh agus monatóireacht ar sheirbhísí luathfhoghlama agus cúraim, d’fhonn an comhordú a chinntiú agus an cur isteach a dhéantar ar sheirbhísí a íoslaghdú.

I measc an obair a rinne an OSAG in 2019, rinneadh creat féinmheastóireachta do thimpeallachtaí luathfhoghlama agus luathchúraim a fhorbairt in éineacht le ranna eile le bheith curtha in ionad an Chláir Ráthuithe Caighdeáin atá ann faoin am seo, Síolta, ionas gur féidir le soláthraithe measúnú a dhéanamh ar conas a d’fheidhmigh iad féin agus a mheas cárb lonnófar iad ar an speictream cáilíochta, idir comhlíonadh agus sármhaitheas. I measc na mbeart eile, rinne an Roinn cathaoirleacht ar chomhchomhdháil den dá chigireacht i mí Dheireadh Fómhair.

Tá an Roinn tiomanta, faoi an Chéad 5, córais rialála agus cigireachta na luathbhlianta a athchóiriú. Mar chuid den tiomantas sin, beidh roghanna le haghaidh athchóirithe chun réimeas cigireachta comhréireach agus cur chuige níos comhtháite i leith cigireachtaí luathfhoghlama agus cúraim a chinntiú curtha san áireamh. Beidh Athbhreithniú ar Bheartas Tíre an OECD atá sceidealaithe do 2020/2021 mar bhonn eolais faoin athbhreithniú ar an gcóras cigireachta.

## Tionscadail Luathbhlianta: An Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí (NCS)

**<u>Cuspóirí Straitéiseacha 2, 5 agus 6</u>**

Thosaigh an Scéim Náisiúnta um Chúram Leanaí ag glacadh le hiarratais ar líne Dé Céadaoin, an 20 Samhain 2019. Faoin NCS, tacófar le teaghlaigh chun costas na luathfhoghlama agus an chúraim agus an chúraim leanaí do leanaí ar aois scoile a íoc trí chóras fóirdheontais uilíocha agus ioncambhunaithe.

Mar gheall ar an maoiniú breise ar cuireadh ar fáil i mBuiséad 2019 bhíothas in ann a chinntiú go mbainfidh thart ar 7,500 leanbh breise leas as an NCS, agus go bhfeicfidh méaduithe ar a gcuid fóirdheontais os cionn 40,000 leanbh eile, atá incháilithe cheana féin. Tá fóirdheontais ioncambhunaithe ar fáil do theaghlaigh a bhfuil ioncaim intomhaiste teaghlaigh suas le 60,000 acu, gurb ionann agus thart ar €90,000 comhlán do theaghlaigh in imthosca áirithe.

Tugadh bearta breise isteach i mBuiséad 2020 freisin, agus ina measc siúd:

- "Coigilteoirí" a leathnú amach óna a bheith ar fáil ar feadh aon bhliain amháin ionas go ligfear do theaghlaigh fanacht ar scéimeanna leagáide go dtí go roghnaíonn siad an t-aistriú a dhéanamh go dtí an NCS nó nuair a théann a n-incháilitheacht as feidhm (nuair a théann siad in aois, m.sh.).
- Athruithe ar an uas-líon uaireanta atá ar fáil do theaghlaigh ar an NCS (ag teacht i bhfeidhm i Meán Fómhair 2020). Bhí an beart seo dírithe go háirithe ar sheirbhísí a fhreastalaíonn ar phobail faoi mhíbhuntáiste agus ar sholáthraithe cúram do leanaí in aois scoile.

Bhí 3,646 soláthróir cláraithe leis an NCS faoi dheireadh 2019. Faoi dheireadh 2019 bhí beagnach 15,000 iarratas curtha isteach ar éirigh leo i dtaca le breis is 20,000 leanbh, agus tá os cionn 13,000 dámhachtain eisithe cheana féin do thuismitheoirí.

**Tionscadal TFC an NCS - <u>Cuspóirí Straitéiseacha 2 agus 6</u>**

Seachadadh an t-ardán seachadta nuachóirithe in 2019 freisin chun tacú le tuismitheoirí agus le soláthraithe cúram leanaí rochtain a fháil ar scéimeanna agus fóirdheontais. Is é an NCS an chéad chuid den chóras seo le bheith curtha ar fáil. Leis an gcóras seo, cuirfear ardán láidir comhtháite ar fáil ar a soláthrófar níos mó éifeachtúlachtaí agus áisiúlachta don úsáideoir.

Rinne an Roinn maoirseacht ar fhoireann tionscadail a bhí comhlonnaithe le Pobal a dhéileáil le riachtanais riaracháin, cumarsáide, teicniúla, reachtaíochta agus riaracháin don ardán agus don NCS.

Rinneadh foráil leis an tionscadal freisin do rialachas agus rialuithe ilchisealacha, agus bhí bord tionscadail ann agus ionadaíocht neamhspleách agus trasrannach le fáil ann.

**Reachtaíocht, Treoirlínte agus Nósanna Imeachta Beartais um an NCS - <u>Cuspóirí Straitéiseacha 2 agus 5</u>**

Rinne Uachtarán Ó hUigínn an tAcht um Thacaíocht Cúraim Leanaí 2018 a shíniú an 2 Iúil 2018 lenar cuireadh i bhfeidhm mar dhlí é. Tá creat reachtaíochta bunscoile agus tánaisteach iomlán i bhfeidhm chomh maith le treoirlínte beartais mionsonraithe a foilsíodh in 2019.

Svíníodh roinnt rialachán ina ndlí lena ndéantar foráil don fhaisnéis atá le bheith curtha ar fáil sa phróiseas iarratais, don phróiseáil sonraí, don mheasúnú ioncaim, don ríomh

tacaíochtaí airgeadais, d'íocaíocht na tacaíochtaí airgeadais, agus d'athbhreithnithe agus achomhairc faoin NCS.

Soláthraíonn na Rialacháin bunús soiléir agus láidir don NCS, atá radacach agus nuálach i gcomparáid leis na scéimeanna a bhí ann roimhe, i dteannta leis na treoirlínte cuimsitheacha beartais.

Leis an gcreat reachtach agus na riachtanais bheartais reachtacha, deimhnítear an rialachas agus maoirseacht láidir, agus soláthraítear leo ardán chun an comhlíonadh agus an bainistiú éifeachtach i ndáil le cistí poiblí.

**An riarachán agus an teagmháil le tuismitheoirí agus soláthraithe - Cuspóirí Straitéiseacha 2 agus 5**

Ceapadh Pobal mar riarthóir na scéime don NCS thar ceann na Roinne.

Forbairt nuálaíochta lárnach sa NCS ab ea an bhaint mhéadaithe a bhí ag tuismitheoirí le bainistíocht a n-iarratas féin. D'fhostaigh Pobal soláthróir seachtrach tiomnaithe chun iarratais ar fhóirdheontais a fháil tríd an gcóras nua ar líne agus chun tacú le tuismitheoirí agus iad a chur ar an eolas faoi oibriú an NCS.

De bhun na n-athruithe a rinne an NCS, gheall Pobal (a riarann scéimeanna cúraim leanaí eile don Roinn freisin) athstruchtúrú agus athchóiriú a dhéanamh in 2019 d'fhonn freastal ar riachtanais atá ag teacht chun cinn.

**Oiliúint Soláthraí agus Páirtí Leasmhara NCS - Cuspóirí Straitéiseacha 2 agus 5**

Tionóladh níos mó ná 600 Seisiún Oiliúna Soláthraithe NCS ar fud na tíre i rith dhá chéim.

Tionóladh 57 seisiún oiliúna in Intreo, in oifigí áitiúla na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Cosanta Sóisialta (RGFCS) agus Ionaid Faisnéise do Shaoránaigh, agus breis is 1,000 duine ag freastal orthu, lena chinntiú go mbeadh na hOifigí Rialtais áitiúla in ann na tuismitheoirí a chur ar an eolas faoin NCS.

Rinneadh 200 seisiún faisnéise, ceardlann agus seastán rannpháirtíochta poiblí eile a shocrú, go háitiúil agus go náisiúnta araon. Ina measc siúd bhí grúpaí a raibh sé deacair teagmháil a dhéanamh leo, grúpaí tuismitheoirí-leanaí agus seisiúin faisnéise do thuismitheoirí curtha ar siúl ag soláthraithe áitiúla. Cuireadh acmhainní ar líne ar fáil ar shuíomh gréasáin NCS, mar shampla seimineáir ghréasáin agus Cainéal YouTube NCS ar a bhfuil físeáin oiliúna agus ábhair oiliúna le fáil.

**Feachtas Cumarsáide agus Faisnéise NCS - Cuspóir Straitéiseach 2**

Rinneadh feachtas faisnéise ilghnéitheach in 2019 chun a chinntiú go raibh tuismitheoirí ar an eolas faoi na tacaíochtaí atá ar fáil faoin NCS. Seoladh suíomh gréasáin faisnéise agus ábhair chomh maith le bosca poist NCS ag seoladh NCS chun tuismitheoirí agus soláthraithe a chur ar an eolas faoin NCS. Úsáideadh feachtas fógraíochta ar an mórscála inar baineadh tairbhe as áiseanna digiteacha, an raidió, imeachtaí amuigh faoin spéir agus

imeachtaí físe, i dteannta le scaoileadh ábhar faisnéise go forleathan ar sholáthraithe, ar Oifigí Rialtais agus i leabharlanna poiblí.

**Tacaíochtaí Breise do Sholáthraithe Cúraim Leanaí - <u>Cuspóirí Straitéiseacha 2 agus 5</u>**

Agus an Roinn ag tacú le rolladh amach an NCS, scaoil an Roinn roinnt tacaíochta do na soláthraithe:

- Dearadh Scéim Chaipitil an NCS chun tacú le soláthraithe rianú agus bainistíocht an tinreamh nó riachtanais riaracháin eile a chomhlíonadh (trí chrua-earraí agus / nó bogearraí). Ina theannta sin, eisíodh teimpléad rianaithe tinrimh do sholáthraithe a d'fhéadfaí iad a úsáid chun tacú leis an mbainistíocht tinrimh.
- Cuireadh Íocaíochtaí Tacaíochta Chlár Idirthréimhse an NCS i bhfeidhm freisin chun tacú le soláthraithe na riachtanais riaracháin a bhaineann le haistriú chuig an NCS a chomhlíonadh agus, go háirithe, riachtanais chomhthreomhara scéimeanna leagáide agus an NCS laistigh den chéad bhliain.

## Airgeadas, Rialú agus Athchóiriú na Luathbhlianta: Buiséad na Luathbhlianta, 2020

**<u>Cuspóir Straitéiseach 2</u>**

Bhí €63.5m d'infheistíocht bhreise curtha leis an gcúram leanaí i Meastacháin Athbhreithnithe 2020. Leis na hacmhainní breise sin, rinneadh na míreanna seo a leanas a sholáthar:

| | |
|---|---|
| €50 | Chun tacú le cur i bhfeidhm na Scéime Náisiúnta Cúraim Leanaí (NCS), chun na huaireanta NCS íosta agus uasta a mhéadú ó Mheán Fómhair 2020 amach (suas ó 20 go 25 agus ó 40 go 45 uair, faoi seach), agus chun cur leis an soláthar don bhliain iomlán de 'Savers' san NCS. |
| €10 | Chun leanúint ar aghaidh ag tacú le líon suntasach leanaí faoin tSamhail Rochtana agus Cuimsithe (AIM), agus chun tacú le rolladh amach iomlán na samhla ar fud an gclár 2 bhliain ECCE. |
| €0.7 | Chun Straitéis an Chéad 5 a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear gníomhaíochtaí taighde agus Clár Píolótach do Bhéilí i 45 seirbhís Luathfhoghlama agus cúraim. |
| €0.7 | Leithdháileadh méadaithe do Chigireacht Tusla chun é a chumasú a fheidhm reachtúil a chomhlíonadh. |
| €0.5 | Maoiniú Inbhuanaitheachta Nua chun tacú le Seirbhísí Pobail a bhfuil dúshláin shonracha acu, agus chun tacú leis na seirbhísí seo, nuair is gá, dá ndéanfaí Ordú Fostaíochta Earnála in 2020. |
| €1.6 | Maoiniú breise a bhaineann le cur i bhfeidhm na Scéimeanna agus tacú leis an soláthar seirbhíse ar ardchaighdeán san earnáil. |

**Maoiniú Inbhuanaithe agus Tacaíochtaí Cásbhainistíochta do sheirbhísí ELC agus SAC – Cuspóir Straitéiseach 2**

- Próiseas Cásbhainistíochta leathnaithe agus feabhsaithe i gcomhar le Pobal.
- Comhbheartas a fhorbairt le Pobal chun déileáil le ró-éilimh.
- Comhaontaíodh an maoiniú um shraitheanna oibríochta in 2018. Maoiniú ceadaithe do 10 seirbhís.
- Cuireadh sraitheanna maoinithe inbhuanaithe leis le haghaidh ró-éileamh.
- Próiseas Maoirseachta Cásbhainistíochta a bhfuil intomhaiste ag gabháil leis - 27 gcás tugtha ar aghaidh go 2019; 73 cinn nua (ró-éilimh ar fhormhór acu); réitíodh 46 cinn agus tugadh 54 ar aghaidh go 2020.
- Neartaíodh an Fhoireann Chásbhainistíochta i bPobal trí acmhainní breise a shochrú chun san soláthar tacaíochta comhsheasmhach oilte a chinntiú do gach uile Choiste Cúraim Leanaí Cathrach agus Contae.

# Clár C: An Beartas & an Reachtaíocht

## Brollach

### Beartas um Chúram Malartach

Leanadh ar aghaidh leis an Athbhreithniú ar an Acht um Chúram Leanaí, 1991 le linn 2019. D'ullmhaigh an Roinn sraith de pháipéir maidir le gnéithe ar leith den Acht, lena n-áirítear an cúram leanaí do leanaí atá scartha agus iad ag lorg tearmainn, leanaí atá eisiata ó theach an teaghlaigh agus sásraí chun leanbh a glacadh faoi chúram an Stáit, an comhar idirghníomhaireachta, agus an cúram altrama príobháideach. Mar chuid den obair seo, d'oibrigh an Roinn go dlúth i gcomhar le páirtithe leasmhara ábhartha. Áiríodh leis seo eagrú roinnt comhairliúchán réigiúnach le foireann Tusla agus cúramóirí altrama, chomh maith le cineálacha eile comhairliúcháin a ndearnadh le raon grúpaí geallsealbhóirí.

D'oibrigh oifigigh na Roinne le comhghleacaithe in Oifig na Comhairle Parlaiminte (OPC), an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát, an Roinn Airgeadais agus an Roinn Sláinte, chomh maith le Tusla, chun Ordú Rialtais a chríochnú lena dtugadh cúramóirí altrama isteach faoi théarmaí na Scéime Slánaíochta Ginearálta.

Lean an Roinn ag cur maoiniú ar fáil don Tionscadal Tuairiscithe Dlí Cúraim Leanaí chun leanúint lena taighde leanúnach ar imeachtaí cúraim leanaí in Éirinn.

## Forbairt Cláir Tusla agus Creat Tras-Rialtais Tusla

**Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile**

Tá cur chuige uile-Rialtas ina ghné lárnach de Thorthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile: an Creat Beartais Náisiúnta do Leanaí agus do Dhaoine Óga 2014-2020 (BOBF). Tá an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige freagrach as cur i bhfeidhm Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile a chomhordú, ach mar sin féin tá na Ranna ábhartha fós freagrach as a ngealltanais aonair. Leanadh le Cur i bhFeidhm Thorthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile ar fud an Rialtais in 2019, agus lean gach gné den bhonneagar forfheidhmithe ag teacht le chéile go rialta.

I mí Iúil, 2019 foilsíodh Tuarascáil Bhliantúil Thorthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile do 2018, a thuairiscigh go raibh dul chun cinn maith á dhéanamh, agus breis agus dhá thrian de na 163 gealltanas tugtha i gcrích agus go leor eile ar siúl agus iad ag súil go gcuirfear i gcrích iad freisin.

D'fhorbair an Chomhairle Chomhairleach Náisiúnta um Thorthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile plean oibre in 2019 ina bhfuil réimsí tosaíochta le haghaidh dul chun cinn. I measc na réimsí seo bhí an bhochtaineacht leanaí, an cosc agus an luath-idirghabháil, an easpa dídine, cearta agus comhionannas agus foghlaim agus forbairt, chomh maith leis an mhonatóireacht ar chomh-straitéisí Thorthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile (na luathbhlianta, LGBTI+, an rannpháirtíocht, an óige agus Straitéis Ceartais Óige na hÉireann atá sna bacáin). D'oibrigh an Roinn le hoifigigh ar fud an Rialtais chun na tosaíochtaí atá i bplean oibre na Comhairle Comhairlí a chur chun cinn. Tháinig an Chomhairle le chéile cúig huaire in 2019.

Is ionann an Cuibhreannas um Beartas do Leanaí agus do Dhaoine Óga agus an bhunchloch i mbonneagar forfheidhmithe Thorthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile. Tá sé de chúram ar an gCuibhreannas (gurb é an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige atá ina chathaoirleach air) maoirseacht agus stiúradh a dhéanamh ar chur i bhfeidhm éifeachtach Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile laistigh de réimsí freagrachta éagsúla, trasna ranna, gníomhaireachtaí agus earnálacha. Tháinig an Cuibhreannas le chéile trí huaire le linn 2019. Lean leanaí agus daoine óga de bheith páirteach sa phróiseas agus thug Feidhmeannas Náisiúnta Chomhairle na nÓg cur i láthair don Chuibhreannas i mí Mheán Fómhair.

**Coistí um Sheirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga**

Is príomh-bhunstruchtúir iad Coistí Seirbhísí Leanaí agus Daoine Óga atá aitheanta ag an Rialtas chun seirbhísí a phleanáil agus a chomhordú do leanaí i ngach contae in Éirinn. Tá 27 CYPSC bunaithe agus tá Comhordaitheoir Náisiúnta ann freisin.

Ba é an buiséad iomlán arna chomhaontú don CYPSC in 2019 ná €4.6m, lena gcuimsíodh leithdháiltí ón Roinn Gnóthaí Leanaí agus Óige, ó Tusla agus ón Roinn Sláinte agus Éire Shláintiúil. Is ionann an ranníocaíocht ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus €2.4m.

Thug an CYPSC faoi thionscadail éagsúla in 2019 agus fuair gach aon CYPSC maoiniú de thart ar €108,000. I measc cuid de na tionscadail, bhí tacaíochtaí meabhairshláinte agus folláine, tacaíochtaí tuismitheoireachta, sláinte, cothaithe, gníomhaíochtaí, an súgradh, an rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga, tacaíochtaí LGBTI+ agus acmhainní agus

tacaíochtaí do dhaoine gan dídean. Féach www.cypsc.ie chun teacht ar thuilleadh eolais faoi.

I mí na Samhna, 2019 sheol an tAire Comhfhís CYPSC, *Fís Chomhroinnte, Na Céad Chéimeanna Eile 2019 - 2024*, ina bhfuil leagtha amach ardán den fhorbairt agus den fhís bhreise le haghaidh an CYPSC sna cúig bliana amach romhainn. Tá sé beartaithe cumas CYPSC chun beartais ábhartha agus forbairtí atá ag teacht chun cinn a léiriú agus chun freagairt a thabhairt do riachtanais atá ag teacht chun cinn a struchtúrú agus a thacú níos mó, ar an mbonn náisiúnta agus áitiúil araon.

Leis na bearta atá leagtha amach i bhFís *Comhroinnte, Na Chéad Chéimeanna Eile* déanfar an bunús a sholáthar do chláir oibre le haghaidh CYPSC don tréimhse 2019 - 2024, bunaithe ar pholasaí agus ó threo straitéiseach a thagann ón RLGÓ, ón nGrúpa Stiúrtha Náisiúnta ar CYPSC agus ó Chuibhreannas um Polasaithe do Leanaí agus Daoine Óga, agus ábhar curtha leis ag na hearnálacha ábhartha. Tá deich bpríomhsprioc ardleibhéil in *Fís Chomhroinnte, Na Chéad Chéimeanna Eile 2019 - 2024* (le 37 mbeart ag gabháil leo) a chlúdaíonn:

- An Cheannaireacht Neartaithe
- An Comhoibriú
- Ag Cur Leis An Inniúlacht
- Acmhainní
- An Phleanáil agus an Tuairisciú
- Sonraí agus an Fhianaise
- An Chumarsáid
- Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga
- An Comhchoimisiúnú
- An Measúnú

**An Bhochtaineacht Leanaí**

Leanadh leis an obair maidir le cur chun cinn fhreagairt an Rialtais Uile i leith líon na leanaí atá ag maireachtáil i mbochtaineacht chomhsheasmhach a laghdú. Leanadh ar aghaidh leis an gcomhoibriú ar an gceist seo i rith na bliana, in éineacht leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, an Chomhairle Chomhairleach Náisiúnta agus Ranna Rialtais eile, ag obair le chéile chun scrúdú a dhéanamh ar bhealaí inar féidir an ráta bochtaineachta leanaí a laghdú tuilleadh.

Bhí laghdú 5% sa ráta bochtaineachta leanaí idir 2014 agus 2018. Tháinig laghdú ar an ráta faoi 1.1%, síos go 7.7% in 2018, de réir Shuirbhé foilsithe na Príomh-Oifige Staidrimh ar Shonraí Ioncaim agus Dálaí Maireachtála don bhliain 2018. Beidh sonraí 2019 ar fáil i Ráithe 4 2020.

I mí na Samhna, 2019, d’óstáil an tAire Díospóireacht Oscailte ar an mBeartas maidir leis an mBochtaineacht Leanaí i gcomhar leis an gComhghuaillíocht um Chearta Leanaí. Bhí príomhchainteoirí ó Ollscoil Oxford agus ó Ollscoil Mhaigh Nuad ag caint ag an imeacht. Tháinig geallsealbhóirí le chéile ann ó Ranna Rialtais, ó ghníomhaireachtaí Rialtais,

institiúidí taighde agus acadúla agus ó eagraíochtaí sochaí sibhialta, i measc daoine eile, i bhfóram comhpháirtíochta de gheallsealbhóirí.

Ba í aidhm na Díospóireachta Oscailte ar an mBeartas seo ná chun féachaint ar an smaointeoireacht agus an taighde is déanaí maidir leis an fheasacht in aghaidh na bochtaineachta leanaí, agus bealaí nuálacha a phlé ina bhféadfaí iarrachtaí laghdaithe bochtaineachta leanaí a fheabhsú, go háirithe sa chéad leagan eile de Thorthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile.
Ag an díospóireacht, d’fhógair an tAire Zappone go gcuirfí tús le clár taighde a bhaineann go sonrach le leanaí freisin, chun na saincheisteanna seo a iniúchadh. Tá an tionscnamh seo á threorú agus á mhaoiniú ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige tríd an tionscnamh *What Works*.

**Tionscnamh Thoir Thuaidh Lár na Cathrach (NEIC)**

Léirigh an Roinn an cheannaireacht leanúnach ar Thionscnamh NEIC in 2019, tríd an gcathaoirleacht a thabhairt ar Fhoghrúpa 6 ar ‘Ailíniú na Seirbhísí Sóisialta’, atá ag obair i dtreo comhtháthú agus comhordú seirbhísí san NEIC chun an tacaíocht is fearr a thabhairt do leanaí, do dhaoine óga agus do theaghlaigh.

Tá baint ag Tionscnamh NEIC le Tosaíocht Straitéiseach 1 sa Ráiteas Straitéise chun ailíniú le 5 thoradh náisiúnta Thorthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile agus a gcuspóirí bunathraithe, agus béim ar leith ar ‘A Bheith Slán ón Díobháil’ agus ar ‘An Obair Tras-Rialtais’. Léirítear é sin san obair atá á déanamh ar an gclár píolótach *City Connects* ar cuireadh tús lena chéim phleanála san NEIC in 2019. Tá an Roinn ag obair i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Scileanna agus le Seirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla chun an clár píolótach seo a chur i mbun feidhme sna 10 mbunscoil NEIC d’fhonn é a leathnú nuair atá roinnt próiseas meastóireachta déanta air.

Clár scoilbhunaithe atá sa tsamhail *City Connects* a bhunaigh Boston College é agus a oibríonn de réir phrionsabal an uilíochais fhorásaigh. Mar gheall ar an gcur chuige seo, aithnítear na buanna atá ag gach uile leanbh ar leith sa timpeallacht scoile agus aithnítear tacar tacaíochtaí ar féidir leo cur leis na buanna seo, agus aghaidh a thabhairt ar réimsí riachtanas.

Fuair an clár píolótach *City Connects* sna 10 mbunscoil NEIC maoiniú don bhliain 2019 ó Thionscnamh NEIC chun na hoiriúnuithe atá de dhíth chun an clár *City Connects* a chur i bhfeidhm i scoileanna in Éirinn a phleanáil agus a athbhreithniú i Meán Fómhair 2020. Mar chuid den chéim phleanála agus oiriúnaithe ní mór teagmháil a dhéanamh leis na príomhoidí, le foirne de chuid na hearnála oideachais, le gníomhaireachtaí agus an leis an earnáil phobail agus dheonach. Leanfar ar aghaidh leis an obair ar an gclár in 2020.

## Foghlaim agus forbairt

In 2019, lean an Roinn ar aghaidh ag cur lena soláthar deiseanna foghlama agus forbartha don fhoireann. Tugadh tosaíocht do dheiseanna foghlama agus forbartha trí riachtanais chorparáideacha, aonaid agus phearsanta a aitheanta chun tacú le spriocanna agus chuspóirí na Roinne a bhaint amach. Bhí an Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta ina chuid riachtanach de phleanáil riachtanais foghlama agus forbartha i rith

2019. Cuireadh líon suntasach idirghabhálacha oiliúna ar fáil don fhoireann i rith 2019. Cuireadh deiseanna foghlama agus forbartha ar fáil i réimsí ar nós na Saoirse Faisnéise, na bainistíochta riosca, na héagsúlachta agus na claontachta neamhfhiosraí, na huas-bhainistíochta, an tsoláthair, airgeadais, na heacnamaíochta iompraíochta agus na mapála faisnéise, gan ach cuid mhaith de na réimsí a lua. Cuireadh oiliúint ghrád-shonrach ar fáil don fhoireann.

Lean an Roinn ag tacú le *OneLearning*, an múnla comhroinnte láraithe maidir le foghlaim agus forbairt sa státseirbhís. D'fhreastail an fhoireann ar raon cúrsaí One Learning ar ábhair ar nós na Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide, an riosca, scileanna cumarsáide agus an bhainistíocht tionscadail.

Le linn 2019, lean an Roinn uirthi ag déanamh an Scéim Tacaíochta Oideachais a chur chun cinn agus a bhainistiú do na baill foirne ar spéis leo sa bhreisoideachas a bhaineann lena ról laistigh den Státseirbhís.

D'fhonn leanúint ar aghaidh ag cothú timpeallachta foirmiúla agus neamhfhoirmiúla araon le haghaidh na hoiliúna fostaíochta agus na hoiliúna agus an fhoghlaim um an bhféin-bhainistithe, chuir an Roinn tús le próiseas chun seirbhís r-Fhoghlama a fhorbairt chun teacht a thabhairt don fhoireann ar raon cúrsaí ábhartha ar líne sa bhreis orthu siúd atá beartaithe ag an gCóras Bainistíochta Foghlama *OneLearning*.

## Bainistíocht TFC, Soláthair agus Taifead

### Bainistiú Taifead agus Ábhar

Leanadh leis an tionscadal chun taifid pháipéir a aistriú go spás stórála lasmuigh den láithreán in 2019. Cuireann an stóráil lasmuigh den láithreán leis an tslándáil agus an rochtain. Rinneadh dul chun cinn sa phlean do chóras nua bainistíochta ábhair leictreonach nuair a chuirfear tús le eDocs go luath in 2020.

Is feidhmchlár leictreonach agus bainistíochta taifead é *eDocs* agus is í Príomhoifigeach Faisnéise Oifig an Rialtais (OGCIO) a thóg é. Soláthraíonn sé suíomh comhdhlúite inar féidir le baill foirne comhaid leictreonacha agus páipéir a stóráil agus a rianú, rud a chuireann ar chumas an úsáideora faisnéis leictreonach a stóráil go slán sábháilte, agus is féidir an fhaisnéis sin a easpórtáil go dtí an Chartlann Náisiúnta ag deireadh a saolré (30 bliain faoi láthair). Tá sé mar aidhm ag *eDocs* deireadh a chur leis an modh traidisiúnta ina ndéantar cáipéisí a stóráil ar thiomántáin roinnte.

### An Soláthar

Rinneadh iniúchadh inmheánach ar phróisis agus rialuithe soláthair na Roinne in 2017 agus rinneadh roinnt moltaí ina leith.

Mar fhreagairt ar na moltaí sin san iniúchadh, cuireadh Aonad Soláthair tiomnaithe i mbun in 2018. Tá dul chun cinn suntasach déanta chun na moltaí seo a chur i bhfeidhm agus tá na rudaí seo a leanas curtha i bhfeidhm faoin am seo;-

- Shínigh an tArd-Rúnaí Doiciméad um Beartas agus Nósanna Imeachta Inmheánacha na Roinne i Meitheamh 2019 agus scaipeadh é ar gach ball foirne. Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí seo uair sa bhliain.
- Cuireadh gach aon bhall foirne ar an eolas faoina n-oibleagáidí soláthair, lena n-áirítear an tAonad Soláthair a chur ar an eolas faoi gach tairiscint atá á déanamh san aonad faoi seach, lena n-áirítear liosta de na doiciméid riachtanacha ó gach próiseas tairisceana atá le cur ar aghaidh chuig an Aonad Soláthair, áit a gcoinnítear san aon ionad amháin leis sin.
- Tairgeadh oiliúint sa soláthar don fhoireann ar fad i Ráithe 4 2019 agus bhí oiliúint bhreise beartaithe le tabhairt in 2020, má tá éileamh ann.
- Bunaíodh clár de “chonarthaí beo” agus déantar teagmháil le haonaid nuair a bhíonn conarthaí ag druidim lena ndáta éaga.
- Cuireadh cuideachta chomhairleachta soláthair sheachtraigh ar conradh chun comhairle maidir leis an soláthar a thabhairt don Roinn.
- Cuireadh oiliúint ar fáil don fhoireann soláthair go léir, atá á cur ar fáil de réir mar is gá leis. Áirítear leis seo freastal ar chomhdhálacha náisiúnta soláthair ábhartha agus imeachtaí líonraithe.
- Tá anailís chaiteachais soláthraithe le déanamh uair sa ráithe agus cuirfear aonaid in iúl má tá siad ag druidim leis an teorainn chaiteachais iomlán i ndáil le haon chonarthaí a bhfuil siad freagrach astu.
- Tá bailiúchán doiciméad treorach agus teimpléid soláthair ar fáil don fhoireann go léir.

**Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)**

In 2019, rinne an Roinn maoirseacht ar aistriú na tacaíochta deisce TF, ar éirigh leis, a bhí ann chun samhail seirbhíse ‘Build to Share’ atá curtha ar fáil trí Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais (OGCIO). Tá an tsamhail ‘Build to Share’ aitheanta mar cheann de na príomhchuspóirí straitéiseacha i Straitéis TFC na Seirbhíse Poiblí ina leagfar síos an treo maidir leis an nuálaíocht agus an feabhas sa TFC sa tSeirbhís Phoiblí amach anseo.

Chaith an Roinn breis agus bliain ag pleanáil agus ag ullmhú don aistriú, ag obair go dlúth leis an OGCIO. Ag seo a leanas, cuid de na príomhathruithe:

- Cuireadh córas físchomhdhála Deisce agus Fiontair i bhfeidhm ar fud na Roinne.
- Córas Rochtana Díreach chun tacú leis an gcianobair.

- Táthar ag aistriú go dtí an tsraith feidhmchlár ‘Build to Share’ lena n-áirítear *eCorrespondence*.
- Tá an tInlíon Foirne agus an córas ticéadaithe don Deasc Chabhrach curtha i bhfeidhm ar fud na Roinne.
- Bhí sé de thacaíocht an t-ardán ríomhphoist a bhí ann a aistriú go dtí Outlook leis an aistriú chun comhaid a chomhdú go leictreonach trí eDocs.

## Acmhainní Daonna

D'earcaigh an Roinn 47 ball foirne nua in 2019, is ionann sin agus thart ar 16% de na fostaithe sa Roinn. Fuair 15 fostaí nó 5% de na fostaithe ardú céime trí chomórtais inmheánacha nó sheachtracha. Reáchtáil an Roinn comórtais inmheánacha le haghaidh leibhéal an Phríomhoifigigh agus an Ardoifigigh Fheidhmiúcháin araon.

I mí na Samhna 2018, cheadaigh an Bord Bainistíochta Céim II d’athstruchtúrú na Roinne. Cuireadh Foireann Tionscadail inmheánach i mbun san aonad AD chun an próiseas a threorú.

Is í an aidhm a bhí ag an tionscadail ná deimhin a dhéanamh de go bhfuil na struchtúir chuí, na hacmhainní leordhóthanacha agus an meascán scileanna riachtanacha ag gach Rannán le cur ar chumas na heagraíochta seirbhís nua-aimseartha agus oiriúnach a sholáthar, faoi láthair agus amach anseo chomh maith.

Is iad seo a leanas na príomhchuspóirí a bhí luaite:

1. Anailís dhomhain ar oiriúnacht reatha na Roinne ag cuimhneamh go háirithe ar na tosaíochtaí atá ag fás, ag athrú agus atá san iomaíocht le chéile;

2. Athbhreithniú domhain a dhéanamh ar chumas inmheánach na Roinne féin chun cuspóirí gnó na Roinne a chur ar fáil;

3. Athbhreithniú domhain ar chumas inmheánach na Roinne féin maidir leis

   (a) na gníomhaireachtaí faoina coimirce a rialáil; agus

   (b) an mheastóireacht ar fheidhmíocht na gníomhaireachtaí faoina coimirce;

4. Béim a leagan shaincheisteanna gnó atá ag teacht chun cinn a mbeidh ar an Roinn nó Rannáin/Aonaid ar leith aghaidh a thabhairt orthu;

5. Na saincheisteanna gnó a bhfuil tionchar acu ar sholáthar an sainordú atá ag na Rannáin éagsúla a aithint;

6. Réimsí laistigh den chóras a bhfuil brú/solúbthacht acmhainní i gceist leo a aithint;

7. Dáileadh leordhóthanach freagrachtaí agus an leithdháileadh acmhainní ar fud na Roinne a mheas;

8. Easnaimh a shainaithint agus moltaí a fhorbairt d'fhonn scileanna a fheabhsú;

9. Feidhmeanna/gníomhaíochtaí ar luach íseal a shainaithint ar fud na Roinne;

10. Éifeachtacht na rannpháirtíochta tras-rialtais agus tras-earnála, príomhfheidhm de chuid na roinne, a chur san áireamh;

11. Breac-chuntas a thabhairt ar shaincheisteanna/théamaí breise atá ag teacht chun cinn mar gheall ar an gcleachtadh.

Chuir an tairgeoir roghnaithe tús leis an obair an 11 Márta 2019 agus ghlac an Bord Bainistíochta leis an tuarascáil deiridh agus leis an bplean forfheidhmithe i mí Mheán Fómhair 2019, agus an bhreith maidir le cur chun feidhme an treochláir á dhéanamh ag deireadh 2019.

# An Rialachas Corparáideach

**An Bhainistíocht Riosca**

Tá sé i gceist ag an Roinn go mbeidh iompraíocht agus próisis faoi stiúir na bainistíochta mar chuid dá Straitéis Riosca chun cabhrú linn a gcuspóirí oibríochta agus straitéiseacha a bhaint amach. Leagann Creat Rialachais na Roinne síos an cur chuige ginearálta maidir le Bainistíocht Riosca mar chuid de chóras rialaithe inmheánach agus bainistíocht gnó. Coinníonn an Roinn taifead láraithe de rioscaí i gClár Riosca ar an gcóras eRisk, atá mar chuid den ardán *Build to Share*. Is uirlis phríomha é an Clár chun rioscaí a rianú, agus tá an fhaisnéis is deireanaí le fáil ann maidir le rioscaí, stádas na mbeart atá de dhíth chun rioscaí a mhaolú san áireamh.

Feidhmíonn an Bord Bainistíochta (MB) mar Choiste Riosca na Roinne. Ina cháilíocht mar Oifigeach Cuntasaíochta, tá an fhreagracht deiridh ar an Ard-Rúnaí as an mbainistíocht riosca mar chuid den chóras de rialuithe inmheánacha. Bhuail an Coiste Riosca le chéile ceithre huaire i 2019 chun:

- maoirseacht a dhéanamh ar an gcóras bainistíocht riosca sa Roinn, agus an bhainistíocht riosca a chur i bhfeidhm go daingean tríd an Roinn;

- rioscaí corparáideacha a phlé agus athbhreithniú a dhéanamh ar an mbainistíocht atá déanta orthu;

- athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascálacha faoi rioscaí ardscóir sna réimsí MB, agus plé a dhéanamh ar bhearta bainistíochta agus maolaithe agus an bhfuil siad oiriúnach agus ceart.

**Rialachas Comhlachtaí faoi Choimirce na Roinne**

Déantar an caidreamh idir Ranna Rialtais agus comhlachtaí faoina scáth a chinneadh go príomha ag na nithe seo a leanas:

• an bhunreachtaíocht lena mbunaítear an comhlacht; agus

• na riachtanais atá leagtha amach sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016.

Is iad na comhlachtaí poiblí atá maoinithe ag Vóta na Roinne agus ar a bhfuil an tArd-Rúnaí ina Oifigeach Cuntasaíochta ná:

• an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach ('Tusla'), bunaithe in Eanáir 2014 faoin Acht fán Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach 2013;

• Údarás Uchtála na hÉireann, bunaithe i Samhain 2010 faoin Acht Uchtála 2010;

• Oifig an Ombudsman do Leanaí, bunaithe in 2004 faoin Acht um Ombudsman do Leanaí 2002; agus

• scoileanna coinneála leanaí bunaithe faoin Acht um Leanaí 2001.

Cuireann an Roinn an chuid is mó den mhaoiniú ar fáil do Ghaisce, Gradam an Uachtaráin. Is comhlacht teoranta é Gaisce a bunaíodh faoi Acht na gCuideachtaí.

Go ginearálta, is é an t-aonad nó an rannóg ábhartha laistigh den Roinn a bhainistíonn an caidreamh idir an Roinn agus na comhlachtaí faoi seach atá faoina coimirce, cúrsaí rialachais san áireamh. Cuimsítear leis seo maoirseacht ar fheidhmeanna an chomhlachta agus na freagrachtaí faoi seach atá ag an Aire, an tArd-Rúnaí mar Oifigeach Cuntasaíochta, an Bord agus an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin. Áirítear freisin gach tacaíocht pharlaiminte a fhaigheann an tAire ar chúrsaí a bhaineann le rialachas an chomhlachta.

Bíonn difríochtaí idir an caidreamh a bhíonn ag an Roinn leis na comhlachtaí éagsúla faoina coimirce, a bhraitheann ar shaghas agus ar scála na hoibre atá ar bun ag gach comhlacht agus an reachtaíocht a rialaíonn é.

**<u>Cothromaíocht inscne na gcomhlachtaí faoi choimirce an RLGÓ a bhfuil Boird iontu</u>**

In 2011, thug an Rialtas socruithe nua isteach chun an oscailteacht agus an trédhearcacht a mhéadú sa tslí go roghnaítear na daoine a cheaptar ar Bhoird Stáit. Nuair a bhí folúntas ar Bhord comhlachta Stáit le líonadh, rinneadh an folúntas sin a fhógairt ar shuíomh gréasáin na Roinne ábhartha nó tríd an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (PAS).

In 2014, rinne an Rialtas cinneadh gur cheart don Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe treoirlínte a ullmhú le haghaidh ceapachán ar Bhoird Stáit. Leanadh leis an sprioc sin chun ionadaíocht 40% a bhaint amach do mhná agus d'fhir araon ar Bhoird Stáit a bheith áirithe sna treoirlínte siúd. Léiríodh an sprioc 40% seo freisin sa Chlár do Rialtas Comhpháirtíochta. Tá an sprioc seo le brath sa Straitéis Náisiúnta um Mná agus Cailíní 2017-2020 freisin (bearta 4.7 agus 4.8).

Chomhlíon gach aon cheann de na comhlachtaí faoi choimirce an RLGÓ a bhfuil Boird acu leis an riachtanas maidir leis an gcothromaíocht inscne ag deireadh 2019, agus ionadaíocht

40% ar a laghad acu den dá inscne i measc na mball Boird acu, agus 52% den bhallraíocht iomlán orthu gur mná iad agus 48% gur fir iad, ar an meán.

## An tIniúchadh Inmheánach agus an Coiste Iniúchta

Is é an misean atá ag Aonad Iniúchóireachta Inmheánach na Roinne ná ráthaíocht neamhspleách, oibiachtúil a sholáthar maidir le córas rialaithe inmheánach agus seirbhísí comhairliúcháin a bhfuil mar aidhm acu luach airgid a fháil agus oibríochtaí na Roinne a fheabhsú. Cabhraíonn sé leis an Roinn a cuspóirí a bhaint amach trí chur chuige córasach disiplíneach a úsáid, chun measúnú a dhéanamh ar cé chomh eífeachtach is atá an bhainistíocht riosca, an rialachas agus an próiseas rialachais, agus chun feabhas a chur orthu.

Tá ról neamhspleách ag Coiste Iniúchóra na Roinne laistigh den Roinn chun maoirseacht a dhéanamh ar chúrsaí a bhaineann le feidhmiúchán agus forbairt feidhme iniúchóra inmheánach agus rialaithe gnó, rialachais agus le timpeallacht an bhainistithe riosca. Tháinig an Coiste le chéile cúig huaire in 2019.

Cuirtear tuarascálacha iniúchóra inmheánacha atá críochnaithe ar aghaidh go dtí an tArd-Rúnaí, an Bord Bainistíochta agus an Coiste Iniúchóra. In 2019, cuireadh ceithre thuarascáil déag dá leithéid ar aghaidh go dtí an Coiste Iniúchóireachta, agus pléadh iad ina gcuid cruinnithe maidir leis na ceisteanna seo a leanas:

- Íocaíochtaí Tusla;
- Athbhreithniú ar an gCuntas Leithreasa maidir le cur i bhfeidhm na moltaí ó na hiniúchtaí a ndearnadh roimhe seo;
- Creat Slándála TF;
- Athbhreithniú ar chur i bhfeidhm moltaí i ndáil leis an Scéim Deontais um Sheirbhísí don Óige;
- Cistí a chur ar fáil do Pobal;
- Próiseas Tarraingthe agus Eisíocaíochta um Dheontais Ghnóthaí Óige: Íocaíochtaí le BOOanna;
- Athbhreithniú ar na socruithe rialachais maidir le Campas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh;
- Tarraingt anuas maoinithe agus rialú próiseas caiteachais i mBaile an Oibricigh;
- Acmhainní Daonna: Costais phárolla a ghabhann leis an fhoireann;
- Maoiniú na gCuntas Díomhaoin;
- An Bhainistíocht Riosca
- Athbhreithniú ar Shocruithe Rialachais maidir le Tusla, An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach
- Iniúchadh Soláthair;
- Athbhreithniú ar chur i bhfeidhm moltaí i ndáil le CLSanna le haghaidh Socruithe Coimisiúnaithe.

Is mír sheasta í an Bainistiú Riosca ar chlár an Choiste Iniúchóireachta, agus tugadh roinnt moltaí do Choiste Riosca na Roinne i rith na bliana. I rith 2019 lorg agus fuair an Coiste Iniúchóra cur i láthair ó cheannairí aonaid gnó éagsúla sa Roinn agus de réir atá leagtha

síos ina chairt, bhuail sé leis an bhfoireann Iniúchóireachta Sheachtrach ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

## An Beartas Uchtála

### An Rialachas ar Údarás Uchtála na hÉireann (AAI)

Pléann an Roinn le hÚdarás Uchtála na hÉireann trí chruinnithe rialta agus tuairisciú foirmiúil ar chúrsaí rialachais maidir lena ceanglais reachtúla faoin Acht Uchtála 2010 agus an Cód Cleachtais um Rialachas i gComhlachtaí Stáit 2016. I mí Lúnasa 2019, rinneadh conradh Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin reatha an AAI a athnuachan ar feadh tréimhse cúig bliana.

### An Uchtáil Oscailte

Chríochnaigh an Roinn athbhreithniú agus comhairliúchán reachtúil maidir leis an fhéidearthacht go nglacfar leis an uchtáil oscailte nó leath-oscailte in Éirinn, ar aon dul le forálacha Alt 42 an Achta Uchtála (Leasú), 2017. Mar chuid den phróiseas athbhreithnithe seo, tionóladh Díospóireacht Oscailte ar an mBeartas ina raibh príomhpháirtithe leasmhara ag freastal i mBealtaine 2019 agus tugadh cuireadh don phobal freisin páirt a ghlacadh i suirbhé ar líne a mhair ar feadh cúig seachtaine i mí na Bealtaine agus mí an Mheithimh. Cuireadh an tuarascáil deiridh, a raibh roinnt moltaí maidir le bearta chun tacú le teaghlaigh ar mian leo socruithe uchtála oscailte nó leath-oscailte a dhéanamh le fáil inti, faoi bhráid Thithe an Oireachtais i mí na Samhna 2019.

### An Bill Uchtála (Faisnéis agus Rianú), 2016

Leanadh leis an obair in 2019 chun an Bill Uchtála (Faisnéis agus Rianú), 2016, a chur ar aghaidh. I mí an Mheithimh 2019, cuireadh an Bille ar aghaidh go tús Chéim an Choiste, ach cuireadh ar fionraí é ag an bpointe sin, le comhaontú an tSeanaid, ionas go mbeifí in ann tuilleadh comhairliúcháin a dhéanamh maidir le leasuithe beartaithe ar Chuid 5 den Bhille a bhaineann leis an scaoileadh faisnéise breithe agus teastais bhreithe. Mar thoradh ar shraith de dhianghníomhaíochtaí idirtheagmhála i gcomhar le grúpaí geallsealbhóirí, in éineacht leis an Ard-Aighne agus le baill an Oireachtais, i mí na Samhna 2019 rinneadh roinnt roghanna chun an reachtaíocht a chur ar aghaidh a shainaithint. Cuirfidh an obair seo bonn eolais faoi threo na reachtaíochta faisnéise agus rianaithe amach anseo.

### Clárúcháin bhreithe mídhleathacha

Tar éis clárúcháin bhreithe mídhleathacha a bheith aimsithe i gcomhaid Naomh Pádraig in 2018, chuaigh an Roinn i dteagmháil le Tusla maidir leis an bpróiseas chun na daoine aonair lena mbaineann a chur ar an eolas, i rith 2019. Ina theannta sin, d'oibrigh an Roinn i gcomhar le Ranna agus Gníomhaireachtaí eile in 2019 chun saincheisteanna atá ag teacht chun cinn agus a théann i bhfeidhm ar na daoine atá i gceist a shainaithint.

### Athbhreithniú samplála ar chlárúcháin bhreithe mhídhleathacha

Tar éis táscairí de chlárúcháin bhreithe neamhdhleathacha a fháil i gcomhaid Cheardchuallacht Naomh Pádraig in 2018, choimisiúnaigh an tAire athbhreithniú a bheith déanta ar shampla de chomhaid uchtála chun fáil amach an bhféadfaí comharthaí sóirt comhchosúla a aimsiú i gcomhaid uchtála eile. Le linn 2019, rinne Tusla agus Údarás Uchtála na hÉireann athbhreithniú ar líon mór comhad, faoi mhaoirseacht an athbhreithnitheora neamhspleách.

**Scéim ex-gratia do chliaint ARC Adoption**

Tar éis cinneadh Comh-Aireachta a bheith déanta ar an gceist, bhunaigh an Roinn scéim ex gratia chun táille cláraithe inaisíoctha a aisíoc le roinnt iarchliant a d’íoc ARC Adoption. Rinneadh 69 n-íocaíocht de €2,750 san iomlán le linn 2019 agus tá an scéim dúnta anois.

## Seirbhís Dlí agus Cirt Óige na hÉireann

**Faomhadh faighte leis an dréacht-Scéim Ginearálta agus na Cinn Bhille chun foráil a dhéanamh maidir le roghanna malartacha pianbhreithe do leanaí.**

In 2019 cheadaigh an Rialtas dréachtú Cinn Bhille chun roghanna malartacha pianbhreithe a chur ar fáil do na Cúirteanna. Mar gheall ar na tograí sin, beifear in ann a chinntiú go mbeifear in ann leanúint ar aghaidh le roghanna pobalbhunaithe de mhalairt ar an gcoinneáil nuair a shroicheann an leanbh 18 mbliana d’aois, agus go gcuirfear leis an mbéim, ag céim na pianbhreithe, ar an athimeascadh sa phobal tar éis an scaoilte.

## Árais Mháithreacha agus Naíonán

**Coimisiún Imscrúdúcháin:**

Tugadh tacú don Choimisiún Imscrúdaithe (Árais Máithreacha agus Naíonán agus nithe eile a bhaineann le hábhar) chun a imscrúduithe reachtacha neamhspleácha a chur chun cinn de réir a théarmaí tagartha.

Sa Cheathrú Tuarascáil Eatramhach dá chuid, thug an Coimisiún nuashonrú ar an obair atá á déanamh aige, agus béim leagtha ann ar na dúshláin lóistíochta a bhaineann le himscrúdú reachtúil atá ar mhórscála dá leithéid agus atá chomh casta sin is mar atá sé. D’aontaigh an Rialtas go n-iarrfar ón gCoimisiún ar shíneadh blianta (suas go dtí Feabhra 2020) chun an anailís a dhéanann sé ar fhoinsí faisnéise agus a rannpháirtíocht éagsúla a éascú chomh maith leis an idirtheagmháil atá fós ar siúl leis na hiar-chónaitheoirí agus le daoine eile a bhfuil naisc acu leis na hinstitiúidí seo. Cé gur admháil an tAire go gcuirfeadh an fhorbairt seo díomá ar iar-chónaitheoirí, thug sé dá aire go n-éascódh sé don Choimisiún, mar gheall ar an am breise a bheith aige, aghaidh a thabhairt ar an raon leathan ábhar imní a atreoraíodh chuige lena scrúdú, rud a bheidh go maith chun leasa an phobail.

Sa Chúigiú Tuarascáil Eatramhach rinneadh scrúdú ar shocruithe adhlactha sna hinstitiúidí atá faoi imscrúdú ag an gCoimisiún agus ar an aistriú iarsmaí chuig institiúidí oideachais chun críche scrúdú anatamaíoch. Sa tuarascáil seo, bhí measúnuithe teicniúla fairsinge, a bhí de chabhair leis an obair leanúnach a dhéantar sa Roinn chun an reachtaíocht a chur ar aghaidh ionas go mbeifear in ann na tochailtí fóiréinseacha atá beartaithe a dhéanamh ar láithreán na hiar-institiúide i dTuaim, Co na Gaillimhe. Rinne comhaontas maidir le

socruithe chun ranníocaíocht €2.5m a aistriú i leith chostais an tionscadail seo le Siúracha Bon Secours Éire agus rinne an Rialtas iad a fhormheas.

D'fhoilsigh an tAire an Ceathrú agus an Cúigiú Tuarascáil Eatramhacha ón gCoimisiún Imscrúdaithe in Eanáir agus Aibreán 2019 faoi seach.

**Fóram Comhoibritheach:**

Leanadh leis an teagmháil le hiar-chónaitheoirí ar ábhair is ábhar imní dóibh féin agus dá dteaghlaigh trí phróiseas an Fhóraim Chomhoibrithe. Cuireadh tús le meastóireacht fhoirmitheach chun an méid atá le foghlaim ón bpróiseas go dtí seo a ghabháil agus chun cur leis an bhfís a bhí ann ag an tús. D'fhoilsigh an Rialtas na moltaí ó Chéad Tuarascáil an Fhóraim agus chuir sé de chúram ar ranna ábhartha anailís chuimsitheach a dhéanamh ar impleachtaí reachtacha, acmhainní agus beartais na moltaí. Breithneofar foilsiú na tuarascála iomláine tar éis don Choimisiún a thuarascáil deiridh a sheachadadh faoi réir chomhairle dlí an Ard-Aighne.

Rinneadh dul chun cinn suntasach i roinnt réimsí, agus ina measc:

**Tacaíochtaí sláinte:**

Chuir an Roinn leis an ngrúpa oibre a bhunaigh an Roinn Sláinte é chun moltaí sláinte an Fhóraim a scrúdú. Foilsíodh Tuarascáil an ghrúpa oibre seo agus chuir an Rialtas maoiniú tiomnaithe ar fáil do phacáiste tosaigh de thacaíochtaí sláinte. Mar chuid den phacáiste, tabharfar faoi chlár taighde chun sainriachtanais sláinte iar-chónaitheoirí na n-institiúidí seo a shainaithint chun forbairt seirbhísí breise a threorú, de réir mar is cuí.

**Taighde:**

Choimisiúnaigh an RLGÓ taighde, i gcomhpháirtíocht le Ciste Taighde COALESCE Chomhairle Taighde na hÉireann, ar úsáid na Teanga agus na Téarmaíochta i ndáil le hiar-chónaitheoirí na nÁras Máithreacha agus Naíonán.

**Bille Faisnéise agus an Rianaithe:**

Breithníodh moltaí an Fhóraim i gcomhthéacs na reachtaíochta a chur chun cinn maidir le faisnéis agus rianú. Éascaíodh comhairliúchán le baill an Fhóraim agus chuir an t-ionchur eolas ar na chéad chéimeanna eile sa phróiseas.

## Athchóiriú, Straitéis agus Rannpháirtíocht na hÓige

**Éachtaí Suntasacha a Ghabhann leis an Straitéis Náisiúnta LGBTI+ don Óige, 2019:**

1. D'fhoilsigh an Roinn an Chéad Tuarascáil Fhorfheidhmithe Bhliantúil den Straitéis Náisiúnta Óige LGBTI+ inar tuairiscíodh go bhfuil 56 de na 59 mbeart tosaithe cheana féin (46 cinn) nó go raibh plean i bhfeidhm chun an beart a dhéanamh (10). Tá 3 bheart ann nach bhfuil aon fhaisnéis tuairiscithe ag na ceannairí ina leith (2) nó atá faoi athbhreithniú (1). Foilsíodh an Tuarascáil Bhliantúil ag an gcéad Fhóram

Feidhmithe arna óstáil ag an Roinn i gcomhar le Fóram Óige LGBTI+ an 26 Deireadh Fómhair i nDún Uí Choileáin.

2. In 2019, chuir an Roinn bearta i bhfeidhm faoin Straitéis freisin, lena n-áirítear na nithe seo a leanas:
    a. Fóram Óige LGBTI+ a bhunú.
    b. Greamán Fáilte roimh LGBTI+ a dhearadh le scaipeadh ar fud na sochaí in 2020.
3. Rinne an Roinn an dara Scéim Deontas um Fhorbairt Acmhainn LGBTI+ a riar agus leithdháileadh 25 deontas ar eagraíochtaí chun tacú le forbairt agus seachadadh tionscnamh um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) atá bunaithe ar fhianaise a bhaineann go sonrach le bheith ag obair le daoine óga LGBTI+ agus tacú leo. Cuimsítear leis an FGL an oiliúint, an mheantóireacht, an chóitseáil, agus forbairt treoirlínte/polasaithe/nósanna imeachta chun tacú le soláthraithe seirbhíse gairmiúla, lena n-áirítear seirbhísí óige.

**Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga sa Chinnteoireacht, 2019:**

1. Reáchtáil an Roinn comhairliúcháin le leanaí agus daoine óga ar raon réimsí beartais i gcomhar le Ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais eile, lena n-áirítear leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnaithe ar athchóiriú an Oideachais Caidrimh agus Gnéasachta, leis an gComhairle Mhúinteoireachta ar Sholáthar Múinteoirí, le Seirbhís Dlí agus Cirt Óige na hÉireann ar Chlár Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána, leis an Roinn Sláinte ar Thionscnamh na Scoileanna Gníomhacha agus le hÉire Ildánach ar chur i bhfeidhm Cruinniú na nÓg.
2. Lean an Roinn uirthi ag tacú le Comhairle na nÓg, agus dá forbairt, i ngach aon cheann de na tríocha is a haon údarás áitiúil, agus mar bhonn taca leis sin riar an Chiste Forbartha €620,000 an tacaíocht ó Fhoireann Rannpháirtíochta na Roinne.
3. Thacaigh an Roinn le Feidhmeannas Náisiúnta Chomhairle na nÓg a gclár oibre a chur i gcrích faoin téama *An Comhionannas i Scoileanna* agus dhá thionscadal suntasacha seolta ag an Aire agus an chéad cheann acu feachtas na meán sóisialta *#TeachMeAsMe* agus an dara ceann dearadh agus seoladh ar líne acmhainn do scoileanna darb ainm *OurVoicesOurSchools.ie.*
4. Rinneadh Dáil na nÓg 2019 a óstáil i dTithe an Oireachtais mar chuid de cheiliúradh 100 bhliain Dháil Éireann agus an gníomhú ar son na haeráide an téama ar a raibh imeachtaí an lae dírithe ann. Roghnaigh Dáil na nÓg *Réitigh Iompair Inbhuanaithe* mar an fócas dá chuid oibre don chéad Fheidhmeannas Náisiúnta eile de chuid Chomhairle na nÓg.
5. I mí Iúil 2019, d’fhoilsigh an Roinn an 3ú Tuarascáil Bhliantúil ar Chur i bhFeidhm na Straitéise Náisiúnta um Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga sa Chinnteoireacht, 2015-2020. Bhí athbhreithniú meántéarmach ar an Straitéis agus

Plean Gníomhaíochta 2 bhliain athbhreithnithe do 2019 agus 2020 ag gabháil leis an Tuarascáil.

6. Lean Mol na nÓg le seachadadh réimse leathan tionscnamh oiliúna agus tógála acmhainne ar fud an Rialtais lena chinntiú go dtabharfar ionadaíocht do leanaí agus daoine óga maidir le haon chinntí a théann i bhfeidhm ar a saol. Chuir Hub na nÓg an fhorbairt ar Chreat Náisiúnta Rannpháirtíochta chun cinn freisin.

**An Súgradh, an tÁineas agus an Cultúr**

1. Rinne an Roinn suim €450,000 a riar agus a leithdháileadh don Scéim Maoinithe Caipitil um an Súgradh agus don Mhaoiniú um Lá Súgartha agus Seachtain Áineasa.
2. Thacaigh an Roinn leis an mapáil de na háiteanna súgartha in Éirinn arna déanamh ag Coláiste Chathair Bhaile Átha Cliath.
3. Lean an Roinn ar aghaidh ag comhoibriú agus ag plé le hÉire Ildánach, i dtaca le cur i bhfeidhm na gealltanais ar tugadh ina bPlean Cruthaitheach don Óige san áireamh.
4. Sheol an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige, in éineacht le hArd-Mhéara Bhaile Átha Cliath, *Gairdín Súgartha i gCuimhne Leanaí 1916*.

## Taighde agus Measúnú

Déanann an Roinn taighde d'fhonn tacú le torthaí níos fearr a bhaint amach do leanaí agus do dhaoine óga trí bheartais a fhorbairt agus an soláthar seirbhíse atá bunaithe ar fhianaise a chur chun cinn. Tá ceithre shruth trína ndéanann an Roinn é sin: Ag Fás Aníos in Éirinn, Staitisticí, an Mheastóireacht, agus an Fhianaise i dtaca leis an gClár Beartais.

**Ag Fás Aníos in Éirinn:**

In 2019, rinne an Roinn bainistiú ar Ag Fás Aníos in Éirinn: An Staidéar Fadaimseartha Náisiúnta ar Leanaí (GUI) atá, ó 2006 i leith, tar éis dhá chohórt leanaí a rianú chun críocha staidéar a dhéanamh ar fhachtóirí a chuireann le leas nó a bhaineann de leas páistí i dteaghlaigh chomhaimseartha na hÉireann, agus rinne an Roinn é a chur ar aghaidh. I measc ghnóthachtálacha 2019, áirítear:

- Síneadh a chur leis an gconradh reatha don GUI leis an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI), amach go dtí deireadh 2022.

- Comhaontú Rialtais a fháil maidir le todhchaí inbhuanaithe fadtéarmach a sholáthar do GUI tríd an GUI a aistriú chuig an bPríomh-Oifig Staidrimh (CSO) ó 2023 ar aghaidh, agus trí struchtúr rialachais trípháirteach a bhunú le hionadaíocht ón Roinn, ón bPríomh-Oifig Staidrimh agus ón ESRI in ord pleanáil agus tacú le haistriú GUI chuig an bPríomh-Oifig Staidrimh.

- Críochnaíodh an bailiú sonraí príomhchéime le Cohórt ’98 in 2019 nuair a bhí siad 20 bliain d’aois agus foilsíodh roinnt aschur taighde, lena n-áirítear tuarascálacha ar na rudaí seo a leanas:

    - Conas atá an saol nuair atá tú 20 bliain d’aois;
    - An tSláinte Choirp agus an Fhorbairt Choirp
    - An Fholláine Shoch-mhothúchánach agus na Príomhchaidrimh;
    - An tOideachas,
    - An Teagasc agus an Fhostaíocht;
    - Leanaí 5 bliana d’aois; agus
    - Tionchair na Géarchéime Eacnamaíche agus an Strus Teaghlaigh ar Choigeartú Leanaí 3 bliana d’aois in Éirinn.

Tá tuilleadh eolais ar GUI le fáil ag https://www.growingup.ie.

**Staitisticí:**

Thug an Roinn faoi roinnt gníomhaíochtaí chun tacú le scaipeadh agus úsáid fhaisnéise staidrimh faoi leanaí agus daoine óga. I measc na n-éachtaí suntasacha a bhain leis an gclár Staidrimh in 2019 bhí:

- Dul chun cinn maidir le foilseacháin 'State of the Nation's Children' ó shraith dhébhliantúil de chóipeanna crua chuig doiciméad 'beo' a bheidh ar fáil ar líne agus a thabharfar cothrom le dáta go huathoibríoch de réir mar a bhíonn sonraí nua ar fáil.

- Tuarascáil mhodheolaíochta a bheith foilsithe a ghabhann leis an bhfoilseachán dar teideal ‘An Indicator Set for Better Outcomes, Brighter Futures’.

- Spotsolas Staidrimh dar teideal ‘Reconciliation between Work and Family Life’.

- Coimisiniú Tuarascála, ar éirigh leis, ar Thionscadail Pathfinder GUI chun nasc a dhéanamh idir sonraí de chuid GUI agus sonraí riaracháin atá coimeádta san Ionad Sonraí Riaracháin (ADC) na Príomh-Oifige Staidrimh.

**Measúnuithe:**

Tacaíonn foireann Meastóireachta na Roinne le forbairt tionscnamh meastóireachta ar fud na roinne agus rinne siad roinnt tionscadal ar leith a chur ar fáil le linn 2019, ina measc:

- Measúnú Beartais Dírithe ar íocaíocht Chaipitíochta Níos Airde um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige (ECCE), curtha i gcrích.

- Seachadadh an dara clár píolótach den Chlár Oiliúna Meastóireachta 2 Lá 'Sprioc' chuig 22 bainisteoir meánleibhéil agus sinsearach as 10 roinn rialtais éagsúla.

- Nóta Treorach dar teideal 'Measúnú ar Sheirbhísí Daonna arna Mhaoiniú ag an Rialtas' foilsithe

- Tuarascáil ar mheastacháin chostais a chur i gcrích maidir le hathchóiriú na seirbhíse Guardian Ad Litem.

Is í an fhoireann Meastóireachta an t-aonad sa Roinn le haghaidh Sheirbhís Eacnamaíoch agus Meastóireachta Rialtas na hÉireann (IGEES), agus is rannpháirtí gníomhach í i líonra IGEES. In 2019, áiríodh ar rannpháirtíocht IGEES rannpháirtíocht leanúnach i nGrúpaí Comhairleacha IGEES, scaipeadh faisnéise ar imeachtaí agus foilseacháin le lucht ceaptha beartas na Roinne, rannpháirtíocht in athbhreithniú an OECD ar IGEES agus forbairt straitéis mheántéarmach IGEES.

**An Clár um Fhianaise go Beartas:**

Is acmhainn thiomnaithe é an Clár Fianaise ar Bheartas chun tacú leis an Roinn freastal ar a riachtanais taighde straitéiseacha agus fianaise agus chun an taighde a chur ar aghaidh go dtí an timthriall beartais. I measc ghnóthachtálacha 2019, áirítear:

- Bunú, ar iarratas ón Aire, clár taighde bochtaineachta a bhaineann go sonrach le leanaí. Cuireadh réamhthorthaí na chéad chéime, cás bunlíne staidrimh le hanailísí cuimsitheacha ar staid leanaí atá ag maireachtáil i mbochtaineacht, i láthair ag Díospóireacht ar Bheartas Oscailte i mí na Nollag 2019.

- Comhpháirtíocht Taighde RLGÓ-ESRI a bheith curtha i mbun, lena dtacófar le forbairt bheartas poiblí an Rialtais i réimsí na leanaí agus na hóige. Tháinig an Chomhpháirtíocht ar chinneadh go nglacfar le dá thionscadal taighde don bhliain 2020 i mí na Nollag 2019 - an chéad cheann díobh ar dhinimic na bochtaineachta agus na torthaí do leanaí (lena gcuirtear tús le Céim 2 den chlár taighde um an mbochtaineacht a bhaineann go sonrach le leanaí), agus an dara ceann ar iompar ógánach.

- Tacaíocht, comhairle agus acmhainn taighde curtha ar fáil do raon tionscadal taighde inmheánaigh laistigh den Roinn; tionscadail taighde coimisiúnaithe; agus dul chun cinn déanta ar thionscadail taighde arna gcoimisiúnú agus tacaithe ag Comhairle Taighde na hÉireann, chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt/chur i bhfeidhm an bheartais.

- Dul chun cinn ar fhorbairt Chreat-Chomhaontaithe Taighde tiomnaithe don Roinn leis an Oifig um Sholáthar Rialtais.

- Dhá nóta threoracha a bheith foilsithe chun cur le cumas an lucht ceaptha beartas chun timthriall an bheartais taighde a chur ar aghaidh; chomh maith le feasachán Taighde agus Meastóireachta; agus faisnéisiú taighde ina sonraítear athbhreithniú litríochta a rinneadh go hinmheánach ar thorthaí na rannpháirtíochta scoile mar éascaitheoir tinrimh scoile.

## Bainistíocht Áiseanna

Príomhchuspóir do 2019 ab ea cóiríocht oifige bhreise a fháil chun soláthar a dhéanamh do phleanáil agus earcaíocht inmheánach an fhórsa saothair. Fuarthas cóiríocht shealadach oifige i Meán Fómhair 2019 ar feadh tréimhse 12 mhí chun freastal ar riachtanais ghearrthéarmacha cóiríochta na Roinne. Bhí pleanáil ar bun freisin le hOifig na nOibreacha Poiblí i rith 2019 ar réiteach níos fadtéarmaí chun soláthar a dhéanamh do na riachtanais mhéadaithe cóiríochta réamh-mheasta do 2020.

## An Reachtaíocht

Chuir an Roinn an reachtaíocht seo a leanas chun cinn in 2019:

- Síníodh **an tAcht um Shláinte agus Tacaíocht Cúraim Leanaí (Forálacha Ilghnéitheacha), 2019** ina dhlí i mí Iúil 2019. Bhí an Roinn freagrach as Cuid 3 d’Acht 2019 lena ndearnadh an tAcht um Thacaíocht Cúram Leanaí 2018 a leasú. Beidh sé sin riachtanach má tharlaíonn Brexit gan margadh, chun foráil a dhéanamh do shaoránaigh na Breataine rochtain a fháil ar an Scéim Náisiúnta um Chúram Leanaí ar an mbonn céanna le saoránaigh na hÉireann.

- Tugadh téacs an **Bhille um Chúram Leanaí (Leasú), 2019** chun críche agus foilsíodh é i mí Lúnasa 2019. Is é príomhchuspóir an Bhille ná deimhniú gur féidir le seirbhís na gCaomhnóirí Ad Litem a bheith curtha ar fáil sa tslí gur féidir leis an líon is mó leanaí agus daoine óga tairbhe a bhaint as, ionas gur féidir leo ionadaíocht a bheith acu in imeachtaí cúraim leanaí agus go mbeadh an tseirbhís sin ar ardchaighdeán agus go mbeadh sé inbhuaine as seo amach. Ritheadh an Dara Céim den Bhille sa Dáil i mí Mheán Fómhair, agus Céim an Choiste ina dhiaidh sin i mí Dheireadh Fómhair.

- Lean an Roinn leis an mBille **Uchtála (Faisnéis agus Rianú) 2016** a chur ar aghaidh le linn 2019. I mí an Mheithimh, mhol an tAire roinnt leasuithe le bheith curtha leis ag Céim an Choiste chun athruithe a chur leis an Scéim a bhí foilsithe roimhe sin maidir leis an nochtadh faisnéise le daoine uchtaithe. Níor thacaigh an Seanad leis na hathruithe ar an Scéim, mar a bhí molta ag an Aire, agus cuireadh Céim an Choiste den Bhille ar fionraí

chun ligean don Aire cruinnithe comhairliúcháin a reáchtáil i gcomhar le comhaltaí de chuid an Oireachtais agus le grúpaí ionadaíocha.

Ina dhiaidh sin, d'fhógair an tAire i mí na Nollag 2019 nár thángthas ar chinneadh maidir le Scéim leasaithe chun faisnéis bhreithe a scaoileadh, agus go raibh sé ar intinn aici ina ionad sin Bille a chur ar aghaidh ina ndéanfar foráil don mhéid seo a leanas:

- taifid a choimeád slán;
- bonn reachtúil a chur leis an gClár um Roghnaithe Teagmhála Uchtála Náisiúnta; agus
- an rianú chun críocha teacht le chéile/teagmhála.

Tá sé mar aidhm ag an **Acht um Thacaíocht Cúraim Leanaí 2018** bunús reachtúil a chur leis an Scéim Cúraim Leanaí Inacmhainne. Is éard is cuspóir na Scéime ná tacaíocht airgeadais a thabhairt do thuismitheoirí chun cabhrú leo costais chúraim leanaí a íoc. Tháinig Ailt 2 go 6 agus Alt 8 d'Acht 2018 i bhfeidhm i mí Feabhra 2019, agus tiocfaidh na forálacha eile go léir i bhfeidhm i Meán Fómhair 2019. Forbraíodh roinnt rialachán chun feidhmiú an Achta a chumasú agus tháinig siad isteach i bhfeidhm le linn 2019. Seo iad, ag seo a leanas:

- Na Rialacháin fán Acht um Thacaíocht Cúraim Leanaí 2018 (Measúnú Ioncaim) 2019;
- Na Rialacháin fán Acht um Thacaíocht Cúraim Leanaí 2018 (Athbhreithnithe) 2019;
- Na Rialacháin fán Acht um Thacaíocht Cúraim Leanaí 2018 (Achomhairc) 2019;
- Na Rialacháin fán Acht um Thacaíocht Cúraim Leanaí 2018 (Tacaíocht airgeadais a íoc) 2019;
- Na Rialacháin fán Acht um Thacaíocht Cúraim Leanaí 2018 (Suim na Tacaíochta Airgeadais a Ríomh) 2019;
- Na Rialacháin fán Acht um Thacaíocht Cúraim Leanaí 2018 (Próiseáladh Sonraí Pearsanta) 2019;
- Na Rialacháin fán Acht um Thacaíocht Cúraim Leanaí 2018 (Measúnú Ioncaim) (Leasú) 2019;

- Lean an Roinn ar aghaidh leis **an Athbhreithniú ar an Acht um Chúram Leanaí, 1991** a chur ar aghaidh i rith 2019. D'eagraigh an Roinn roinnt comhairliúchán ionracha ar imeachtaí um an gcúram leanaí agus an cúram altrama chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt stad beartais maidir leis na codanna ábhartha den reachtaíocht. Forbraíodh tograí tosaigh i roinnt réimsí agus é mar aidhm acu na tuairimí a bhí ag na geallsealbhóirí fúthu a lorg mar chuid de chomhairliúchán ar líne in 2020.

- Foilsíodh **Scéim Ghinearálta an Bhille um Adhlacadh Institiúideach Áirithe (Idirghabhálacha Údaraithe) 2019** i mí na Nollag 2019. Is éard is aidhm na Scéime Ginearálta seo ná an bunús agus an creat reachtúil a sholáthar faoina bhféadfar don Rialtas a chinneadh idirghabhálacha a údarú ag láithreáin áirithe inar tharla adhlacthaí míchuí a bhaineann le hinstitiúidí a n-oibríonn an Stát iad nó a n-oibrítear iad ar son an Stáit nó a bhfuil freagrachtaí soiléire rialála nó maoirseachta ag an Stát ina leith.

- Cuireadh i gcrích na **Rialacháin fán Acht um Chúram Leanaí 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) (Seirbhísí in Aois Scoile a Chlárú) (Leasú) 2019**, agus tháinig siad isteach i bhfeidhm i mí Feabhra 2019. Leis na Rialacháin seo, déanta na Rialacháin fán Acht um Chúram Leanaí 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) (Clárú Seirbhísí Aoise Scoile), 2018 a leasú trí dháta tosaithe na rialachán sin a bhaineann le riachtanais cóimheasa maidir le haicmí áirithe seirbhíse a chur siar.

# Aguisín I: Dualgas na hEarnála Poiblí

Aithníonn an Roinn an dualgas dearfach a fhorchuirtear uirthi le hAlt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014 aird a thabhairt ar chearta an duine agus ar chomhionannas i bhfeidhmiú a feidhmeanna.

Faoi Alt 42, déanfaidh comhlacht poiblí, le linn dó a fheidhmeanna a chomhlíonadh, aird a thabhairt ar an ngá atá le -

(a) deireadh a chur leis an idirdhealú,

(b) comhionannas deiseanna agus cóireáil a fhoirne agus na ndaoine a soláthraímid seirbhísí dóibh a chur chun cinn, agus lena soláthraíonn sé seirbhísí, agus

(c) cearta daonna a chomhaltaí, a fhoirne agus na ndaoine a soláthraíonn sé seirbhísí dóibh a chosaint.

Cuimsíonn an obair a dhéanaimid machnamh réamhghníomhach ar chomhionannas agus ar chearta daonna leanaí agus daoine óga i bhforbairt beartais agus reachtaíochta. I measc samplaí de seo tá an tSamhail Rochtana agus Cuimsithe do leanaí atá faoi mhíchumas chun go mbainfidh siad leas as seirbhísí réamhscoile; rannpháirtíocht le hionadaithe phobal an Luchta Shiúil agus na Romach chun rannpháirtíocht leanaí na bpobal sin i seirbhísí réamhscoile a mhéadú; agus an Straitéis Náisiúnta LGBTI+ *don Óige* 2018 - 2020.

Tá an Roinn tiomanta dó go ndéanfar dínit agus meas na foirne atá ag obair don Roinn a chosaint. Tacaíonn agus feidhmíonn an Roinn le Beartas Dínite ag an Obair de chuid na Státseirbhíse a bhfuil sé mar aidhm aige meas, dínit, sábháilteacht agus comhionannas a chur chun cinn san ionad oibre. Tá a fhios ag gach aon duine ar an fhoireann nach féidir glacadh le haon chineál bulaíochta, ciaptha ná ciaptha gnéis agus go bhfuil dualgas ar gach ball foirne iad féin a iompar ar bhealach inghlactha agus measúil.

Tá ár ngealltanais dár gcustaiméirí tugtha againn inár bPlean Gníomhaíochta agus Cairt um Sheirbhís do Chustaiméirí. Éiríonn linn é sin a dhéanamh -

- tríd an tseirbhís agus an chomhairle is fearr is féidir a chur ar fáil dár gcustaiméirí;
- trí chaitheamh le custaiméirí ar bhealach atá cuí, cothrom, neamhchlaonta agus cúirtéiseach;
- trí fhéachaint lena chinntiú go gcloítear le cearta maidir le híde chomhionann mar atá leagtha amach ag reachtaíocht chomhionannais i seachadadh ár seirbhísí;
- trí iarracht a dhéanamh, más féidir, freastal ar aon riachtanais speisialta a d'fhéadfadh a bheith ag ár gcustaiméirí.

Tuairisceoidh an Roinn maidir leis na saincheisteanna a bhaineann le cearta an duine agus comhionannas a bhaineann lenár bhfeidhmeanna uair sa bhliain, agus leathnófar na feidhmeanna sin de bhun an Chláir Rialtais nua: “Ár dTodhchaí Roinnte”

# Aguisín II: Foilseacháin in 2019

- Meastóireacht ar an Scéim Maoirseachta um Bannaí do Leanaí (Scéim Phíolótach)
- Scéim Ghinearálta de Bhille Adhlachtaí Institiúideacha Áirithe (Idirghabhálacha Údaraithe)
- Athbhreithniú agus Comhairliúchán maidir leis an Fhéidearthacht go nGlacfar leis an Uchtáil Oscailte nó Leath-Oscailte in Éirinn
- An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige: Athbhreithniú ar an fhéidearthacht an Uchtáil Oscailte nó Leath-Oscailte a thabhairt isteach in Éirinn | Aighneacht ó Oifig an Ombudsman do Leanaí
- Tuarascáil Deiridh ar an Fhéidearthacht go nGlacfar leis an Uchtáil Oscailte nó Leath-Oscailte in Éirinn
- An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige: Athbhreithniú ar an fhéidearthacht an Uchtáil Oscailte nó Leath-Oscailte a thabhairt isteach in Éirinn | Aighneacht ó Barnardos
- Fís Chomhroinnte, Na Céad Chéimeanna Eile 2019 - 2024
- An Chéad Tuarascáil Bhliantúil ar chur i bhfeidhm na Straitéise Náisiúnta Óige Trasghnéasach Déghnéasach Aerach Leispiach (LGBTI+) 2018-2020
- Rialacha Idirthréimhseacha do Chláir Chúraim Leanaí Spriocdhírithe an RLGÓ
- Athbhreithniú Lár-Théarma agus Plean Gníomhaíochta Chéim a Dó na Straitéise Náisiúnta um Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga sa Phróiseas Cinnteoireachta, 2015-2020
- An Tuarascáil ar Bhailiúchán DNA na n-íospartach i dTuaim.
- An Dréachtphlean Gníomhaíochta um an bhFeighlíocht Leanaí
- An tAcht um Chúram Leanaí (Leasú), 2019 Anailís Thionchar Rialála
- Cairt d'fhóram comhoibritheach iar-chónaitheoirí i dtithe máithreachais agus linbh agus institiúidí gaolmhara
- Na Rialacháin fán agus na Rialacháin fán Acht um Chúram Leanaí, 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta)(Clárúchán Seirbhísí do Leanaí ar Aois Scoile), 2018. Faisnéis Bhreise
- Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile - An 4ú Tuarascáil Bhliantúil: Aibreán 2017 - Nollaig 2018
- Tuarascáil Bhliantúil Ghrúpa Forfheidhmithe Idir-Rannach Thús Áite do Leanaí 2018
- An 3ú Tuarascáil Ráithiúil de chuid an Ghrúpa Dearbhaithe Saineolaithe um Maoirseacht a dhéanamh agus Comhairle a thabhairt ar Chur i bhFeidhm Mholtaí Imscrúdú Reachtúil HIQA i mBainistíocht Atreoruithe Tusla
- Plean Forfheidhmithe an Chéad 5 2019-2021
- Díospóireacht Oscailte ar an mBeartas: An Fhéidearthacht go nGlacfar leis an Uchtáil Oscailte nó Leath-Oscailte in Éirinn
- Plean Forfheidhmithe Earnála Thús Áite do Leanaí
- An Coimisiún Imscrúdúcháin um Árais Máithreacha agus Naíonán: An 5ú Tuarascáil Eatramhach

- Rialacha Chlár ECCE 2019/20
- An 2ú Tuarascáil Ráithiúil de chuid an Ghrúpa Dearbhaithe Saineolaithe um Maoirseacht a dhéanamh agus Comhairle a thabhairt ar Chur i bhFeidhm Mholtaí Imscrúdú Reachtúil HIQA i mBainistíocht Atreoruithe Tusla
- Clárúcháin Breitheanna Mhíchearta An Tríú Tuarascáil Eatramhach - Aibreán 2019
- Ríomh-Iris na nÁras Máithreacha agus Naíonán Aibreán 2019
- Ríomh-Iris na nÁras Máithreacha agus Naíonán Márta 2019
- Creat Rialachais don Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (Iúil 2019)
- An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige: Plean Gníomhaíochta agus Cairt um Sheirbhís do Chustaiméirí 2019 - 2021
- Nuashonrú ar Shaincheisteanna a bhaineann le hÁrais Mháithreacha agus Naíonáin: Feabhra 2019
- Ríomh-Iris na nÁras Máithreacha agus Naíonán Eanáir 2019
- An 1ú Tuarascáil Ráithiúil de chuid an Ghrúpa Dearbhaithe Saineolaithe um Maoirseacht a dhéanamh agus Comhairle a thabhairt ar Chur i bhFeidhm Mholtaí Imscrúdú Reachtúil HIQA i mBainistíocht Atreoruithe Tusla
- Tuarascáil Bhliantúil na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige, 2018

# Aguisín III: Forbhreathnú ar an Úsáid Fuinnimh in 2019


Sa mhír seo, leagtar amach úsáid fhuinnimh sa Roinn Leanaí & Gnóthaí Óige in 2019 agus na céimeanna a tógadh chun ár bhfeidhmíocht fuinnimh a fheabhsú. Déantar tuairisceáin don Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) ar bhonn bliantúil agus tá sonraí maidir lenár bhfeidhmíocht in 2019 le fáil thíos.

Ní mór do Ghníomhaireachtaí na Roinne tuairisc a thabhairt do SEAI maidir lena gcuid ídiú fuinnimh féin agus ní áirítear an fhaisnéis sin sna figiúirí seo.

| **Suíomh/Bliain** | **Leictreachas kWH** | **Gáis Kwh** | **Iomlán kWH** | **Iomlán kWH/FTE** |
|---|---|---|---|---|
| **Ceanncheathrú, Plaza Miesach Sráid Bhagóid.** | | | | |
| **2019** | 527,154 | 504,851 | 1,032,004 | 3867.30 |

Tá an Roinn páirteach i dtionscnamh de chuid an OPW, Optimising power@work agus leis na tionóntaí eile i mBloc 1, Miesian Plaza chun na torthaí is fearr a bhaint amach maidir lenár dtomhaltas Leictreachais agus Gáis, agus chun obair i dtreo na sprice de laghdú 50% ar an méid fuinnimh a úsáidtear faoi 2030.

# Aguisín IV: An Bord Bainistíochta



# Aguisín V: Comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne

